# THE ULTIMATE EU TEST BOOK – LEAGAN GAEILGE

# Riarthóirí 2020




# Working for the EU:
## How to Get In

### Le Johannes de Berlaymont

Siúd é *an leabhar* do dhuine ar bith atá ag iarraidh foghlaim faoi na deiseanna is féidir le gairm i riarachán poiblí an Aontais a sholáthar – agus na bealaí éagsúla ar fad le 'do chos a fháil isteach'. Tá sé an-ábhartha freisin dóibh siúd a bhfuil poist shealadacha nó intéirneachtaí acu cheana féin agus atá ag iarraidh dul chun cinn a dhéanamh ina ngairm. I measc an iliomad ábhar a chlúdaítear anseo tá siad seo a leanas:

- An raon leathan post in institiúidí agus i ngníomhaireachtaí an Aontais, sa Bhruiséil, i Lucsamburg agus ar fud an domhain
- Poist bhuana agus shealadacha – cineálacha, buntáistí agus míbhuntáistí
- An chaoi a gcuidíonn poist shealadacha le duine post buan nó fadtéarmach a bhaint amach
- An difríocht mhór idir a bheith roghnaithe agus a bheith earcaithe – agus an chaoi a n-oibríonn an earcaíocht i ndáiríre
- Na roghanna eile nach bhfuil mórán eolais fúthu mura dtugann tú na cosa leat i gcomórtas oscailte
- An tairbhe atá le baint as *stage* agus cineálacha eile cúrsaí oiliúna
- An tábhacht a bhaineann le do líonraí a fhorbairt
- An chúis agus an chaoi ar cheart duit smaoineamh go straitéiseach, agus an oiread roghanna agus is féidir a choinneáil oscailte

*Ainm cleite é Johannes de Berlaymont atá in úsáid ag duine a bhíodh ag obair ar an taobh istigh den Aontas ar feadh na mblianta.*

**€17**

D'fhéadfadh praghsanna áitiúla a bheith éagsúil

ISBN: 9781999959531

*'Sílim gur cheart béim a leagan ar ghné dhearfach amháin a bhaineann le bheith ag obair sna hinstitiúidí; ní thosaíonn aon duine ag obair anseo trí thimpiste. De bhrí gur córas thar a bheith iomaíoch é seo – is cuma cén bealach a dtosaíonn tú – is ar éigean a bhíonn duine ar bith de na comhghleacaithe randamacha sin ann a bhíonn in eagraíochtaí eile. D'oibrigh formhór na gcomhghleacaithe go crua le háit a bhaint amach. Athraíonn sé sin an dinimic. Tá daoine ag iarraidh a bheith anseo.'*

Sliocht ó dhuine den iliomad oifigeach de chuid an Aontais a roinn a ndearcadh linn sa leabhar

Leis an eolas is deireanaí faoin ár leabhair go léir a fháil tabhair cuairt ar

**www.johnharperpublishing.co.uk**

Le heolas a fháil go sonrach maidir le The Ultimate EU Test Book tabhair cuairt ar an suíomh gréasáin:

**www.eu-testbook.com**




€42

D’fhéadfadh praghsanna áitiúla a bheith éagsúil

ISBN:
9781999959593

# The Ultimate EU Test Book Assessment Centre 2020

## Le András Baneth agus Jan De Sutter

Tá an leabhar seo riachtanach anois d’iarrthóirí atá ag iarraidh go n-éireoidh leo in Ionad Measúnaithe EPSO. Tá eagrán 2020 cothrom le dáta maidir leis na forbairtí is déanaí go léir lena n-áirítear an t-agallamh spreagtha agus clúdach méadaithe ar an agallamh sa réimse agus ar an scagtházstáil tallainne.

- An chaoi a n-oibríonn an tIonad Measúnaithe
- Céard iad na hinniúlachtaí agus an chaoi a dtomhaiseann EPSO iad
- Mionchur síos ar na cleachtaí
- An chaoi ar chóir duit iompar, céard atá le déanamh – agus céard nár cheart a dhéanamh
- Treoir chuimsitheach maidir le hancairí agus táscairí inniúlachta
- Pas inniúlachta agus earcaíocht
- Líon lán de chleachtaí samplacha agus cur i láthair
- Ábhartha do gach comórtas de chuid EPSO




€35

D’fhéadfadh praghsanna áitiúla a bheith éagsúil

ISBN:
9780993454936

# The Ultimate EU Career Development Book

## Le Jan De Sutter

Taispeántar sa leabhar seo duit an chaoi le d’fheidhmíocht phearsanta féin i gcroí-inniúlachtaí an Aontais a mheas agus a fheabhsú, le sástacht poist agus dul chun cinn gairme a dhéanamh.

Tá sé deartha d’fhoireann uile an Aontais ar gach leibhéal – buan, sealadach nó ar conradh – agus tá tacar uirlisí ar líne saor in aisce ag dul leis. Is iar-oifigeach de chuid an Aontais é an t-údar Jan De Sutter agus is cóitseálaí agus traenálaí gairmiúil anois é atá ag obair le foireann an Aontais agus le hiarrthóirí chomórtais roghnúcháin EPSO.

*Ó John Harper Publishing chomh maith*

Tá eagráin éagsúla de The Ultimate EU Test Book ar fáil dóibh seo a leanas
- RIARTHÓIRÍ,
- CÚNTÓIRÍ,
- IONAD MEASÚNAITHE.

Sa tsraith freisin tá THE ULTIMATE EU CAREER DEVELOPMENT BOOK.

Tá na sonraí iomlána le fáil ag **www.johnharperpublishing.co.uk**

Le fanacht ar an eolas maidir le forbairtí ar scrúduithe EPSO agus aon eolas nua maidir le The Ultimate EU Test Book, tabhair cuairt ar **www.eu-testbook.com**, agus is féidir leat leathanach Facebook The Ultimate EU Test Book a fheiceáil freisin le heolas a bhailiú agus teagmháil a dhéanamh le daoine eile atá i mbun na scrúduithe.

Séanadh: Mura ndeirtear a mhalairt, is iad tuairimí na n-údar atá ag gníomhú ina gcáil phríobháideach na tuairimí go léir a léirítear sa leabhar seo. Ní féidir, i gcás ar bith, a rá go páirteach nó go hiomlán go dtagann siad ó na hinstitiúidí Eorpacha, go háirithe an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO). Níl aon bhaint ar chor ar bith ag aon duine de na húdair, an foilsitheoir ná aon duine eile a chuidigh linn le EPSO ná lena cleamhnaithe. In ainneoin na n-iarrachtaí is fearr eolas cothrom le dáta, praiticiúil agus iontaofa a sholáthar tráth a chlóite, ní féidir leis na húdair ná leis an bhfoilsitheoir aon fhreagracht a ghlacadh as imeachtaí ná as torthaí a d'fhéadfadh a bheith nasctha le sonraí a d'fhéadfadh a bheith i léig nó mícheart sa leabhar.

# THE ULTIMATE EU TEST BOOK – LEAGAN GAEILGE

# Riarthóirí 2020

**András Baneth**

JOHN HARPER PUBLISHING

The Ultimate EU Test Book Administrators 2020
ISBN 978-1-9999595-7-9

Arna fhoilsiú ag John Harper Publishing
27 Palace Gates Road
Londain N22 7BW, An Ríocht Aontaithe.
www.johnharperpublishing.co.uk

Díolacháin agus dáileadh: Turpin Distribution Services Ltd.

The Ultimate EU Test Book – stair na n-eagrán –
An chéad eagrán, Samhain 2005
An dara heagrán, Bealtaine 2007
An tríú heagrán, Márta 2008
An ceathrú heagrán, Aibreán 2009
An cúigiú heagrán, Márta 2010
Eagrán an chúntóra 2011, Samhain 2010
Eagrán an riarthóra 2011, Feabhra 2011
Eagrán an chúntóra 2012, Deireadh Fómhair 2011
Eagrán an riarthóra 2012, Deireadh Fómhair 2011
Eagrán an chúntóra 2013, Eanáir 2013
Eagrán an riarthóra 2013, Eanáir 2013
Eagrán an riarthóra 2015, Nollaig 2014
Eagrán an chúntóra 2015, Nollaig 2014
Eagrán an Ionaid Measúnaithe, Bealtaine 2015
Eagrán an Riarthóra 2016, Feabhra 2016
Eagrán an Chúntóra 2016, Feabhra 2016
Ionad Measúnaithe 2018, Feabhra 2018
Riarthóirí 2018, Márta 2018
Cúntóirí 2018, Márta 2018
Ionad Measúnaithe 2019, Samhain 2018
Riarthóirí 2019, Márta 2019
Cúntóirí 2020, Márta 2020
Ionad Measúnaithe 2020, Márta 2020
Riarthóirí 2020, Márta 2020

© John Harper Publishing 2020

*Aithnítear aon úsáid a bhaintear as ábhar cóipchirt eile agus táimid buíoch aisti.*

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a stóráil ar chóras aisghabhála ná a sheoladh ar aon mhodh nó slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, fótachóipeáil, taifeadadh nó eile, gan cead a fháil i scríbhinn roimh ré ó na foilsitheoirí nó ceadúnas a cheadaíonn cóipeáil shrianta arna eisiúint ag an Copyright Licensing Agency Ltd.

Clóscríbhneoireacht in Palatino 9 & 10/11pt den chuid is mó

Clóbhuailte agus Ceangailte san Aontas Eorpach ag Gutenberg Press, Málta.

# CLÁR


Intreoir ........ ix

Maidir leis na húdair ........ xi

1. Cad iad Riarthóirí agus Conas a Roghnaítear iad? ........ 1
2. Comórtais Riarthóirí Céim ar Chéim ........ 19
3. Tástálacha Réasúnaíochta Briathartha, Uimhriúla agus Teibí i Scrúduithe Riarthóra EPSO ........ 43
4. An Beart a dhéanamh i dTástálacha Réasúnaíochta ........ 51
5. Tástáil Réasúnaíochta Briathartha
   - Ceisteanna ........ 63
   - Freagraí ........ 108
6. An Beart a Dhéanamh i dTástálacha Réasúnaíochta ........ 51
7. Réamhchleachtadh Réasúnaíochta Uimhriúla ........ 155

8 Tástáil Réasúnaíochta Uimhriúla – Ceisteanna Measctha
   - Ceisteanna ........ 201
   - Freagraí ........ 228

9. An Beart a Dhéanamh i dTástálacha Réasúnaíochta Teibí ........ 279
10. Réamhchleachtadh Réasúnaíochta Uimhriúla ........ 289
11. Tástáil Réasúnaíochta Teibí
    - Ceisteanna ........ 329
    - Freagraí ........ 383
12. An Beart a Dhéanamh i dTástálacha Breithiúnais ar Dhálaí ........ 405
13. Tástáil Breithiúnais ar Dhálaí
    - Ceisteanna ........ 411
    - Freagraí ........ 423

AD 2020 prelims_AAA blank 1.qxd 19/02/2020 15:18 Leathanach vi

# INTREOIR

## Cuspóir an Leabhair

Is éard is cuspóir le *The Ultimate EU Test Book (leagan Gaeilge)* cuidiú le hiarrthóirí ullmhú agus cleachtadh a dhéanamh do chomórtais na hOifige Eorpaigh um Roghnú Foirne (EPSO), ionas go mbeidh siad incháilithe do phoist in institiúidí an Aontais.

Bíonn comórtais EPSO (ar a dtugtar *concours* ón bhFraincis go minic) roinnte ina dhá phríomhchineál: comórtais do phoist ar leibhéal Riarthóra (AD) agus comórtais do Chúntóirí (AST), agus tá fochatagóir ann do Rúnaithe (AST-SC). Tá Teangeolaithe agus go leor róil Speisialtóra ag leibhéal AD chomh maith.

Cé go léiríonn struchtúr na gcomórtas roinnt éagsúlachta (go bunúsach, amhail is speisialaithe agus is sainiúla an ról, is mó an meáchan a chuirtear ar eolas speisialaithe agus sonrach a bhaineann le post), is iad croí-eilimintí na gcomórtas na tástálacha réasúnaíochta (tástálacha síciméadracha) agus mar chéim dheiridh an measúnú ar "inniúlachtaí" iarrthóra san Ionad Measúnaithe.

Is iad na tástálacha réasúnaíochta, an chéad bhabhta de na scrúduithe d'fhormhór na n-iarrthóirí, an babhta "réamhroghnaithe". Is éard atá anseo raon tástálacha síciméadracha, a dhéantar ar ríomhaire, ina dtomhaistear scileanna iarrthóirí i réasúnaíocht uimhriúil, bhriathartha agus theibí agus (b'fhéidir) tástálacha breithiúnais ar dhálaí. Sa lá atá inniu ann caithfidh beagnach gach duine na tástálacha seo go léir a dhéanamh. I gcás fhormhór na n-iarrthóirí, is é an babhta réamhroghnaithe is mó a chuireann bac ar iarrthóirí, agus sna comórtais mhóra "ginearálaí" teipeann ar a bhformhór ag an staid seo. Ar an gcúis seo, tá fócas *The Ultimate EU Test Book (leagan Gaeilge), 2020* ar na tástálacha réamhroghnaithe. Mínítear sna caibidlí ina dhiaidh seo an méid atá i gceist leis na cineálacha éagsúla tástálacha, na scileanna atá riachtanach le dul i ngleic leo, agus na hearráidí atá le seachaint – agus i ngach cás tá ceisteanna fairsinge samplacha lena ngabhann mínithe mionsonraithe ar na freagraí. Dearadh na ceisteanna go léir go sonrach mar shampla díobh seo a leanas Comórtais ar leibhéal riarthóra.

Ní théann ach mionlach de na hiarrthóirí chomh fada le céim an Ionaid Measúnaithe, agus ansin is féidir leo a bheith ina mbuaiteoirí, agus iad incháilithe le poist bhuana a ghlacadh in institiúidí an Aontais. Tá leabhar níos sainiúla, ina bhfuil samplaí treorach agus ceachtanna go speisialta dóibh siúd a shroicheann an tIonad Measúnaithe, ar fáil freisin: *The Ultimate EU Test Book Assessment Centre 2020*

## Forléargas ar na caibidlí

Tá léargas le fáil i **gCaibidil 1** ar nósanna imeachta roghnúcháin EPSO do Riarthóirí, lena n-áirítear an méid a ndéantar tástáil air, cén áit agus cén chaoi, chomh maith le mórcheisteanna mar na rialacha teanga agus cén seans go n-éireoidh le duine sna comórtais éagsúla. Tá cur síos céim ar chéim i **gCaibidil 2** ar ghnáthchomórtais – ginearálaí, teangeolaí agus speisialtóir. I measc na n-ábhar tá amlínte le haghaidh na dtástálacha, an tábhacht a bhaineann le tuiscint a fháil ar na rialacha scórála, botúin choitianta le seachaint, agus earcaíocht. Déantar cur síos freisin ar chomórtais inmheánacha agus ar chomórtais CAST. Is bealach eile iad seo le poist oifigiúla bhuana AD agus róil chonartha de chineál AD freisin a bhaint amach.

Is beag iarrthóir a bhraitheann compordach leis an raon iomlán tástálacha síciméadracha réamhroghnaithe: tá a láidreachtaí agus a laigí féin ag gach duine, agus bíonn go leor contúirtí freisin i dtástálacha a gceapann daoine go bhfuil siad go maith chucu. Tá léargas gairid i **gCaibidil 3** ar na tástálacha seo agus ar an gcúis a n-úsáideann EPSO iad, agus tá staidéar níos iomláine déanta ar gach cineál tástála sna caibidlí seo a leanas. Ní thabharfar an deis d'iarrthóirí nach sroicheann an leibhéal riachtanach sna tástálacha seo dul ar aghaidh níos faide sa chomórtas. Tá sé ríthábhachtach, mar sin, staidéar cúramach a dhéanamh ar an modheolaíocht leis na prionsabail agus na haicearraí atá i gceist a fhoghlaim agus ansin a chinntiú go ndéanann tú cleachtadh le do luas, cruinneas agus cóimheas na bhfreagraí cearta a mhéadú.

I gcás **tástálacha réasúnaíochta briathartha**, fadhb choitianta is ea go measann iarrthóirí go bhfuil siad sách "éasca", agus ní thuigeann siad na tuislí atá iontu. I gcomórtas de chuid EPSO tugtar téacs gairid duit agus caithfidh tú a rá cé acu ceann de shraith ráiteas atá ceart, bunaithe ar an bhfaisnéis sa sliocht. Is é bun na faidhbe do go leor daoine an riachtanas "bunaithe ar fhaisnéis sa sliocht", toisc go mbíonn freagair-roghanna tarraingteacha a mbíonn "cuma" cheart orthu i gcónaí sna ráitis, ach i ndáiríre nach féidir leo a bheith ceart bunaithe ar an méid a deirtear sa sliocht i ndáiríre.

Uaireanta, freisin, is é atá sa fhreagra ceart ráiteas a bhfuil cuma leamh air nó fiú neamhábhartha ach go bhfuil bunús fónta leis i ndáiríre. Mínítear i **gCaibidil 4** na hearráidí coitianta a dhéanann iarrthóirí, agus ansin i **gCaibidil 5** tá cleachtadh tástála iomlán mar aon le ceisteanna atá deartha le hiniúchadh a dhéanamh ar do chumas na contúirtí a fheiceáil.

I gcás **tástálacha réasúnaíochta uimhriúla**, níl na ceisteanna deartha le do scileanna matamaitice ardleibhéil a mheas: níl aon rud ag teastáil de bhreis ar an matamaitic a d'fhoghlaim tú ar scoil. Is é an rud a ndéantar tástáil air, áfach, ná do chumas croílár na faidhbe a thuiscint go sciobtha – le fáil amach céard iad na sonraí sa mheascán eolais sna táblaí nó sna cairteacha a theastaíonn i ndáiríre leis an bhfadhb a réiteach, agus lena ríomh chomh tapa agus chomh díreach agus is féidir. Uaireanta, go deimhin, ní theastaíonn aon ríomh dáiríre ar chor ar bith, má tá a fhios agat an chaoi leis an méid seo a fheiceáil. Ar an gcúis sin, dírítear i **gCaibidil 6** ar na cineálacha bunúsacha ríomha a theastaíonn agus an chaoi lena gcur i bhfeidhm chomh sciobtha agus is féidir.

Tá sraith cleachtaí i **gCaibidil 7** atá dírithe ar chineálacha áirithe oibríochtaí réasúnaíochta uimhriúla. Sa chaibidil sin tugtar na freagraí mínithe duit láithreach mar aon leis na ceisteanna ionas gur féidir leat "siúl tríd" an réasúnaíocht atá i gceist. I gcodarsnacht leis sin, tástáil iomlán atá i **gCaibidil 8** ina ndéantar na freagraí a scaradh ó na ceisteanna, agus tá na cineálacha oibríochta go léir measctha le chéile, le haithris a dhéanamh ar fhíorthástáil.

Níl tú i d'aonar má bhíonn imní nó díomá ort fiú maidir le **tástálacha réasúnaíochta teibí** agus tú ag iarraidh a oibriú amach cé acu "an chéad cheann eile sa tsraith" i sraith cruthanna. Mar sin féin, léirítear i **gCaibidil 9** go mbíonn baint ag tástálacha dá leithéid ar bhealach córasach le rialacha atá simplí go minic – agus is é an rud is tábhachtaí ná a fhoghlaim céard iad na rialacha sin. Mínítear i gCaibidil 9 na patrúin agus na hoibríochtaí a úsáideann dearthóirí tástálacha. **Caibidil 10** – is gné nua den leabhar é seo. Is éard atá inti cleachtaí cuimsitheacha inar féidir leat foghlaim céim ar chéim cén chaoi na rialacha a leanúint go córasach agus fáil réidh le freagraí míchearta i réimse ceisteanna réasúnaíochta teibí. Ansin téimid ar aghaidh chuig **Caibidil 11,** áit ar féidir leat tú féin a thástáil agus na teicnící seo á gcur i bhfeidhm agat. I ngach cás, mínítear sna freagraí na rialacha, mar sin má bhíonn an freagra mícheart agat, is féidir leat oibriú siar go bhfeicfidh tú cá ndearna tú botún.

Mínítear i **gCaibidil 12** prionsabail agus modheolaíocht **na dtástálacha breithiúnais ar dhálaí** (SJTanna), atá bunaithe ar chásanna dáiríre san ionad oibre, áit a mbíonn idirghníomhú casta fachtóirí i gceist go minic. Úsáideann EPSO go roghnach SJTanna, sa chomórtas bliantúil AD5 do chéimithe go mór mór. Sa chuid seo tá tú do do mheas i gcoinne na "n-inniúlachtaí" níos déine a úsáideann EPSO ag céim níos déanaí san Ionad Measúnaithe. Murab ionann agus na tástálacha réasúnaíochta briathartha, uimhriúla agus teibí, níl freagra simplí "ceart" nó "mícheart" ar SJTanna – ach tá dul chun cinn ann ó fhreagra "is feiliúnaí" go freagra "is lú" atá feiliúnach nó éifeachtach i ndáil ar leith. Tugtar an deis duit i **gCaibidil 13** a fheiceáil an chaoi a meaitseálann do chuid freagraí leo siúd a leagtar síos mar chaighdeáin i gcleachtadh tástála. Cé gurb amhlaidh, murab ionann agus na tástálacha síciméadracha eile, ní féidir leat do scór SJT a fheabhsú trí theicnící a fhoghlaim agus a chleachtadh, ba cheart go gcabhródh an chaoi a n-éiríonn leat sa tástáil tú a threorú maidir leis na scileanna idirphearsanta nó scileanna eile a gcaithfidh tú smaoineamh orthu agus oibriú orthu.

Tá cleachtaí an Ionaid Measúnaithe an-difriúil leis na tástálacha réasúnaíochta agus clúdaítear iad i *The Ultimate EU Test Book Assessment Centre 2020*.

## Fan ar an eolas!

Mar a léirítear go minic sa leabhar seo, ní mór duit na rialacha beachta do do chomórtas a sheiceáil go cúramach (mar a fógraíodh san Fhógra Comórtais), mar go bhféadfaí athrú a chur ar leagan amach na gcomórtas, lena n-áirítear ábhair thábhachtacha mar ualú marcanna idir tástálacha éagsúla. Déan cinnte de freisin go gcoinníonn tú súil ar láithreán gréasáin EPSO agus, le haghaidh nuachta agus leideanna níos neamhfhoirmiúla ach úsáideach go minic féach, www.eu-testbook.com agus Leathanach Facebook *The Ultimate EU Test Book*.

András Baneth
*An Bhruiséil, Feabhra 2020.*

***Stair Achomair The Ultimate EU Test Book***

**2003**
**EPSO ar an bhfód**

↓

**2005**
**An Chéad Eagrán de The Ultimate EU Test Book**

↓

**2010**
**Athdhearadh iomlán le freastal ar chóras tástála nua EPSO**

↓

**2011**
**Eagráin éagsúla don Riarthóir agus don Chúntóir cruthaithe**

↓

**2015**
**1ú hEagrán don Ionad Measúnaithe**

↓

**2016**
**Eagrán don Fhorbairt Gairme**

# *Eolas faoi na húdair*

**Cur síos ar András Baneth**

Is é András Baneth a stiúir an fhorbairt ar The Ultimate EU Test Book ó foilsíodh é den chéad uair, mar aon imleabhar amháin an t-am sin, in 2005. Is céimí é de chuid Choláiste na hEorpa in Bruges. D'oibrigh András ar feadh seacht mbliana i gCúirt Bhreithiúnais na hEorpa agus sa Choimisiún Eorpach. Is duine de chomhbhunaitheoirí EU Training (ar a dtugtaí Online EU Training roimhe seo) é agus tá sé gníomhach go fóill leis, agus tá sé ina stiúrthóir bainistíochta ar oifig Eorpach na Comhairle do Ghnóthaí Poiblí atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe. Is cainteoir rialta é András freisin ar ghairmeacha AE, cumarsáid straitéiseach agus gnóthaí poiblí. Tá a láithreán gréasáin pearsanta ar fáil ag www.baneth.eu agus is é seo a ríomhphost andras@baneth.eu

**Eolas faoi fhoireann an Leabhair Tástála**

Chuir go leor daoine aonair in imeacht na mblianta le The Ultimate EU Test Book. Tá an iomarca i gceist leis an uile dhuine acu a áireamh anseo ina n-aonar, ach tá a fhios acu cé hiad féin agus ba mhaith le András buíochas a ghabháil leo go léir.

Ba mhaith le András aitheantas a thabhairt, áfach, don mhéid a rinne Gábor Mikes, iarstiúrthóir bainistíochta EU Training, a raibh ról tábhachtach aige i ndearadh modheolaíochtaí le haghaidh tástálacha síciméadracha le freastal ar riachtanais na gcomórtas nua a thug EPSO isteach in 2010. Ag an am sin chabhraigh Ben Williams, síceolaí saothair a bhfuil taithí aige ar 300 Ionad Measúnaithe a dhearadh go hidirnáisiúnta, leis an gcreat a dhearadh don chur síos atá sa leabhar ar thástáil inniúlachtaí, ag réiteach na slí le heagrán an Ionaid Measúnaithe a chruthú sa deireadh in 2015. Rinne Zoltan Arany-Szabó go leor den obair luachmhar ar chruthú agus eagarthóireacht ceisteanna ilroghnacha a chomhordú, ról a ghlac Veronika Koseluk ó EU Training le déanaí.

EU TRAINING

*www.eutraining.eu*

## *Ar mhaith leat níos mó tástálacha a chleachtadh? Tairgeann EU Training:*

- ***1600+ ceist réasúnaíochta briathartha i 19 dteanga***
- ***1300+ ceist réasúnaíochta uimhriúla***
- ***1600+ ceist réasúnaíochta teibí***
- ***25+ tástáil iomlán ar bhreithiúnas ar dhálaí***
- ***250+ tástáil iomlán a eagrú agus tús áite a thabhairt dóibh***
- ***300+ ceist bhunúsach litearthachta TF***
- ***30+ tástáil iomlán tuisceana teanga***

## *Déan aithris ar an scrúdú EPSO ar líne le:*

*Mód Scrúdaithe le Teorainneacha Ama Réalaíocha*

*Staitisticí Sofaisticiúla ar do Sheasamh agus ar do Dhul Chun Cinn*

*Mínithe Mionsonraithe ar an bhFreagra Ceart*

## Tairiscint Speisialta

**Féach www.eutraining.eu**

**agus úsáid an cód TBAD2020 le haghaidh**

## Lascaine 8%

Ní féidir an cód a úsáid le haon tairiscint eile. Ní fhéadfaidh aon duine an cód a úsáid ach uair amháin. Tá cead ag EU Training an tairiscint a theorannú do tháirgí ar leith nó deireadh a chur leis an tairiscint ar fad gan fógra roimh ré ag am ar bith. Níl ar fáil d'oiliúint phearsanta, do mheasúnú cás-staidéir ná do sheisiúin oiliúna.

# 1. Céard is Riarthóir ann agus Cén chaoi a Roghnaítear iad?

## Cé hiad na Riarthóirí?

Tá réimse mór post ar fáil i riarachán an Aontais Eorpaigh faoi éagsúlacht ainmneacha a bhíonn an-chasta uaireanta. Tá Riarthóirí (AD), Cúntóirí (AST) agus Rúnaithe/Cléirigh (AST-SC) ann. Tá catagóirí éagsúla foirne ann mar shampla gníomhairí conartha agus gníomhairí sealadacha (an dá chineál éagsúla), gníomhairí áitiúla, saineolaithe náisiúnta ar iasacht, cúntóirí parlaiminte agus cineálacha éagsúla oiliúna faoi phá. Tá "próifílí" agus "grúpaí feidhme" ann do chineálacha áirithe post. Le cúrsaí a dhéanamh níos casta fós tá go leor de na teidil nach bhfuil le fáil ach i riarachán an Aontais agus níl siad le fáil i réimsí eile den saol. Agus ar ndóigh tá na teidil phoist sin go léir ann i raon teangacha náisiúnta.

### *Gach eolas faoi ghairmeacha in institiúidí an Aontais Eorpaigh*

Le pictiúr iomlán a fháil de na gairmeacha atá ar fáil i riarachán an Aontais, léigh **Working for the EU: How to Get In** le Johannes de Berlaymont.

Mínítear anseo an iliomad cineálacha post atá ar fáil, na bealaí isteach (lena n-áirítear bealaí eile nach bhfuil eolas ag mórán orthu), agus na straitéisí is fearr le gairm a chruthú.




I gcroílár an chórais, áfach, tá na Riarthóirí. Is Riarthóirí iad thart ar 36 faoin gcéad d'fhoireann an Choimisiúin Eorpaigh, an institiúid is mó ar fad, agus is iad na gráid ag leibhéal AD croílár sheachadadh agus cheapadh bheartais an Aontais. Tá na Riarthóirí i gcroílár na físe de riarachán Eorpach ina bhfuil státseirbhísigh bhuana atá ag freastal ar an Aontas. **Tosaíonn poist ar leibhéal riarthóra ag grád AD5** (níl aon ghrád AD 1 go 4 ann) agus téann siad an bealach ar fad suas go AD 16 (Ard-Stiúrthóir). Tosaíonn an chuid is mó de na Riarthóirí ag AD5, ach i gcás roinnt róil níos speisialaithe, áit a dteastaíonn roinnt blianta taithí ábhartha ó iarrthóirí de ghnáth, is féidir iad a cheapadh ag AD6 nó AD7.

Cé go ndéantar cur síos ar phoist AD5 mar phoist ag “leibhéal iontrála”, botún a bheadh ann a cheapadh gur céimithe óga an chuid is mó de na AD5anna agus iad díreach tagtha amach ó chúrsa céime ollscoile. Is é 34 an mheánaois earcaíochta AD5 sa Choimisiún, mar shampla, mar sin bíonn taithí oibre na mblianta ag a bhformhór roimhe sin, lena n-áirítear go leor a raibh oiliúint nó post sealadach acu sna hinstitiúidí roimhe sin.

Ní haon ionadh go bhfuil an líon is mó de na poist Riarthóra i “bpríomhchathair an Aontais Eorpaigh”, an Bhruiséil. Is anseo atá an Coimisiún Eorpach agus Comhairle an Aontais Eorpaigh agus is ann atá Parlaimint na hEorpa freisin cé gurb é Strasbourg a príomhionad oifigiúil. Tá poist ar leibhéal an Riarthóra in go leor áiteanna eile, áfach: Lucsamburg, go háirithe, áit a bhfuil go leor feidhmeanna “cúloifige” lonnaithe (chomh maith le go leor poist aistritheoirí) ach freisin i ngníomhaireachtaí timpeall na mBallstát chomh maith le hionadaíochtaí ón gCoimisiún agus ón bParlaimint i ngach príomhchathair Bhallstáit (agus i roinnt cathracha eile). Ina theannta sin, tá poist i dtoscaireachtaí an Aontais ar fud an domhain.

Is é an post “clasaiceach” Riarthóra ná an ginearálaí státseirbhíse a ghluaiseann trína g(h)airm ó thasc amháin go tasc eile mar oifigeach buan. Ach tá go leor róil speisialtóra ann freisin. Mar shampla, tá dhá cheann de na catagóirí is mó de phoist leibhéal AD thar a bheith speisialaithe – teangeolaithe agus dlítheangeolaithe – agus tá go leor poist speisialaithe AD eile ann mar a fheicfear thíos.

## Cén chaoi a Roghnaítear Riarthóirí?

Tá dealú an-tábhachtach i riarachán an Aontais idir “roghnú” agus “earcaíocht”. Is iad na hinstitiúidí éagsúla agus na comhlachtaí eile san Aontas a dhéanann an earcaíocht i ndáiríre. I gcás poist bhuana mar Riarthóirí oifigiúla, earcaítear iadsan ó liostaí d’iarrthóirí incháilithe a “roghnaíodh” trí chomórtais. Déantar an chuid is mó den earcaíocht trí **chomórtais oscailte** mar a thugtar orthu, i.e. comórtais atá oscailte d’aon saoránach de chuid an Aontais a bhfuil na cáilíochtaí ábhartha aige/aici, faoi réir cúpla critéar.

> ***Pointe Tábhachtach***
>
> Is iomaí sin post agus gairm i gcóras riaracháin an Aontais Eorpaigh. Ach le bheith i d’oifigeach buan, státseirbhíseach de chuid an Aontais, is gnách go gcaithfidh tú teacht trí chomórtas oscailte de chuid EPSO.

Reáchtálann **an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO)** na comórtais oscailte (agus roinnt comórtais inmheánacha dúnta). Tháinig EPSO i bhfeidhm in 2003 mar iarracht nósanna imeachta ilroinnte foirne na n-institiúidí a dhéanamh níos comhsheasmhaí, níos éifeachtaí agus níos trédhearcaí. Eagraíonn EPSO comórtais d’institiúidí uile an Aontais cé is moite den Bhanc Ceannais Eorpach.

Tá bealach ann le bheith i d’oifigeach buan gan comórtas oscailte de chuid EPSO a dhéanamh, is é sin trí **chomórtas inmheánach**. Mar sin féin, ní fios cén uair a reáchtálfar comórtais inmheánacha dá leithéid, nach bhfuil oscailte ach do dhaoine atá ag obair cheana féin i gcáil eile san institiúid lena mbaineann. Go traidisiúnta is mó a bhí siad ar siúl i bParlaimint na hEorpa, áit a mbíonn siad ar siúl cúpla uair in aghaidh na mandáide agus féadtar iad a eagrú gan baint a bheith ag EPSO leis. I ndeireadh 2018, áfach, sheol an Coimisiún Eorpach comórtas inmheánach an-mhór ag lorg iarrthóirí do réimse leathan post.

In ainneoin na n-eisceachtaí seo is fíor a rá, tríd is tríd, gurb trí chomórtas oscailte de chuid EPSO an gnáthbhealach sa lá atá inniu ann post a fháil mar oifigeach buan AD.

### Pointe Tábhachtach

Eagraíonn EPSO roghnúcháin do ghníomhairí conartha. Mar sin féin, ní thugtar cuireadh ach do líon teoranta iarrthóirí a bhfuil na cáilíochtaí agus an taithí cheart acu chuig na tástálacha réamhroghnúcháin.

### *Gníomhairí Conartha a Roghnú*

Níl an chiall chéanna leis an gcoincheap a bhí ann ar dtús maidir le riarachán Aontais d’oifigigh bhuana ó cruthaíodh an chatagóir de **Ghníomhairí Conartha le haghaidh Tascanna Sonracha (CAST)**. Faoi 2018, b’ionann 22% d’fhoireann an Choimisiúin agus foireann conartha.

Tháinig na róil seo in ionad roinnt poist bhuana oifigiúla i ndáiríre, rud a chiallaigh níos mó solúbthachta do na hinstitiúidí toisc nach “poist ar feadh an tsaoil” iad na róil seo mar a bheadh amhlaidh i gcás oifigigh bhuana. Mar sin féin, de réir mar a ghlac gníomhairí conartha níos mó den ualach oibre, tá go leor de na poist seo leathbhuan *de facto* anois, agus go leor den chinnteacht poist agus go leor de na buntáistí a bhíonn ag oifigigh bhuana ag gabháil leo.

Tá dhá chineál post CAST ann: Tá **gníomhairí conartha 3(b)** sna hinstitiúidí móra agus tá conarthaí acu le tréimhse chinnte. Buntáiste a bhíonn acusan de ghnáth a bheith incháilithe do chomórtais inmheánacha. Bíonn **gníomhairí conartha 3(a)** fostaithe go hiondúil sna gníomhaireachtaí agus cé go bhféadfaidís conradh éiginnte a fháil tar éis síneadh a chur lena gconradh ní féidir leo cur isteach ar chomórtais inmheánacha.

Tá baint ag EPSO le roghnú gníomhairí conartha, ach tá a ról an-difriúil leis an ról atá aige i gcás na n-oifigeach buan. Tá cur síos mion air seo i gCaibidil 2. Is leor a rá ag an bpointe seo go mbeidh na cineálacha tástálacha réasúnaíochta briathartha, uimhriúla agus teibí a chlúdaítear sa leabhar seo i gceist leis na roghnúcháin CAST a eagróidh EPSO.

Catagóir eile i riarachán an Aontais is ea catagóir na **ngníomhairí sealadacha**, a bhfuil ilchineálacha díobh ann. Murab ionann agus gníomhairí conartha, ní gnách go mbíonn baint ag EPSO lena roghnú, cé go mbíonn correisceacht ann. Bíonn an deis ag gníomhairí sealadacha, áfach, (ag brath ar a gcatagóir), páirt a ghlacadh i gcomórtais inmheánacha a eagraíonn EPSO thar ceann na n-institiúidí, rud a chuireann ar a gcumas a bheith ina n-oifigigh bhuana.

Roghnaíonn na gníomhaireachtaí díláraithe, a fhostaíonn gníomhairí conartha agus sealadacha den chuid is mó agus atá le fáil anois i mbeagnach gach Ballstát, baill foirne go díreach agus uaireanta úsáideann siad EPSO. De ghnáth bíonn folúntais le feiceáil ar láithreán gréasáin EPSO.

### Pointe Tábhachtach

Ní mór d’iarrthóirí CAST cuireadh a fháil ó institiúid de chuid an Aontais seachas ó EPSO. Ní bhíonn sé seo ar eolas ag a lán iarrthóirí.

## Nósanna Imeachta EPSO

Tá forbairt mhór tagtha ar chóras EPSO le himeacht ama, go háirithe ó bunaíodh córas nua measúnaithe ar inniúlachtaí agus scileanna réasúnaíochta in 2010. Déantar cur síos sa chaibidil tosaigh seo ar chóras roghnúcháin EPSO agus an méid a thástáiltear ann: iad siúd atá in ann páirt a ghlacadh i gcomórtais agus na rialacha a chuirtear i bhfeidhm, na scileanna agus na hinniúlachtaí a ndéantar tástáil orthu, an chaoi a riartar na comórtais, na rialacha teanga, agus ábhair phraiticiúla eile.

Mínítear i gCaibidil 2 ord na gcomórtas céim ar chéim, ag breathnú go mion ar an méid a thástáiltear ag gach céim agus an chaoi a ndéantar é.

## *Léargas ar an gCóras*

Tá dhá phríomhchuid i gcóras tástála EPSO.

1. **Tástálacha ríomhaire-bhunaithe (CBTanna) ina n-úsáidtear ceisteanna ilrogha (MCQanna)**. Is iad seo go hiondúil (cé nach i gcónaí) an chéad chuid den tástáil agus bíonn ceisteanna réasúnaíochta uimhriúla, teibí agus briathartha mar chuid díobh go hiondúil agus uaireanta tástálacha breithiúnais ar dhálaí freisin. Beidh tástálacha tuisceana teanga mar chuid de thástálacha teangeolaí freisin. Tugtar an chéim **"réamhroghnaithe"** ar an gcéim seo go hiondúil.
2. An **tIonad Measúnaithe** ansin, nuair a dhéanann measúnóirí daonna iarrthóirí a mheas i sraith cleachtaí pleanáilte. Is meascán de thástálacha "cineálacha" iad na cleachtaí seo ar "chroí-inniúlachtaí" mar a thugtar orthu agus tástálacha breise a bhaineann go sonrach le réimse an chomórtais.

Cé gurb iad seo an dá phríomhthástáil, beidh meascán tástálacha idir an péire i ngach comórtas; sa chomórtas bliantúil Riarthóra le céim in 2019, mar shampla, bhí tástáil idirmheánach inar baineadh úsáid as cleachtadh ríomhthráidire.

Go hiondúil, faigheann GACH iarratasóir incháilithe do phróifílí Riarthóra an deis na MCQanna ríomhaire-bhunaithe a dhéanamh sa chéad bhabhta tástála. Tá eisceacht mhór amháin ann: i gcás speisialtóirí cuirtear a gcuid tástálacha ar athló go minic chuig an Ionad Measúnaithe. Sa chás sin cuirtear roinnt iarrthóirí as an áireamh sula ndéanann siad aon tástálacha. Déantar é seo ar bhonn "**Scagthástáil Tallainne**". Breathnaíonn na measúnóirí ar dtús ar thaithí agus cáilíochtaí cuí na n-iarrthóirí sa réimse speisialaithe sin.

Cé go n-athraíonn cóimheasa, go hiondúil tugtar cuireadh chuig an Ionad Measúnaithe do thart ar 3 oiread líon na n-iarrthóirí rathúla a lorgaítear. Ciallaíonn sé seo i gcás na gcomórtas is mó éileamh nach ngabhfaidh ach mionlach beag chomh fada sin; ach i gcás roinnt comórtais speisialaithe, áfach, sroichfidh cuid mhaith an tIonad Measúnaithe.

Is córas casta é agus tá cur síos ar roinnt éagsúlachtaí thíos.

## *Iarratais i gcoitinne*

> **_Pointe Tábhachtach_**
>
> Ní dhéanann EPSO aon *earcaíocht*; *roghnaíonn* sé iad siúd atá ar fáil le hearcú ach is iad institiúidí agus comhlachtaí éagsúla an Aontais a dhéanann an earcaíocht féin.

Ní bhreithneoidh EPSO aon iarratais *ad hoc* ná CVanna a chuirtear isteach taobh amuigh de chreat an chomórtais oifigiúil, go háirithe toisc nach bhfuil EPSO féin ag earcú foirne nua: ní roghnaíonn sé "ach" iarratasóirí ar féidir le hinstitiúidí agus comhlachtaí an Aontais iad a fhostú níos déanaí. Ar an lámh eile, folúntais do phoist neamhbhuana nó do líon teoranta post sinsearach (leibhéal Stiúrthóra agus os a chionn) nach n-éilíonn an nós imeachta roghnúcháin a bhfuil cur síos air thíos, cuirtear iad go rialta ar láithreán gréasáin EPSO le naisc chuig an ngníomhaireacht nó chuig an gcomhlacht ar leith ar chóir iarratais a chur chucu go díreach.

## *Pleanáil agus Trédhearcacht*

Ceann de phríomhaidhmeanna EPSO is ea an roghnú a dhéanamh chomh trédhearcach agus is féidir trí níos mó eolais a thabhairt d'iarrthóirí faoi chéimeanna agus faoi mhodheolaíocht an chórais, mar aon le haiseolas mionsonraithe tráthúil faoin gcaoi ar éirigh leis an iarratasóir féin sna tástálacha.

Is sa chreat seo a úsáidtear pleanáil straitéiseach acmhainní daonna anois i ngach institiúid, rud a chiallaíonn go gcaithfidh gach Ard-Stiúrthóireacht, seirbhís nó aonad riaracháin ardleibhéil réamhaisnéis a thabhairt ar a riachtanais foirne don tréimhse trí bliana nó mar sin atá le teacht. Déantar é seo le cuidiú le EPSO comórtais a phleanáil agus le hiarracht a dhéanamh líon na gcásanna, mar a bhíodh ag tarlú go minic, a laghdú nuair nach bhfuair iarrthóir rathúil aon tairiscint poist ar feadh roinnt míonna nó blianta fiú. Cuidítear leis an bpleanáil trí anailís a dhéanamh ar luaineacht fostaithe, forbairtí polaitiúla (e.g. cruthú na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí) nó tosca eile a théann i bhfeidhm ar ráta athraithe nó iontógáil foirne.

Sa lá atá inniu ann, cé nach cinnte go n-earcófar duine a bhíonn roghnaithe ag EPSO, is gnách go mbíonn líon na n-iarrthóirí rathúla agus líon na bpost atá ar fáil i ndáiríre cóngarach go maith dá chéile. Tá na céimeanna a chaithfidh tú a thabhairt le do dheiseanna earcaíochta a mhéadú clúdaithe inár leabhar *Working for the EU: How to Get In*. Mar chuid den iarracht leanúnach trédhearcacht a mhéadú tugtar ainmneacha chomhaltaí an Bhoird Roghnúcháin, torthaí tástála agus tuarascálacha ón Ionad Measúnaithe d'iarrthóirí agus tugtar cúnamh d'iarrthóirí ullmhú trí amlíne réasúnta beacht dá sceidil scrúduithe a sholáthar.

## *Scileanna vs Eolas*

Is í an ghné is suntasaí sa chóras roghnúcháin reatha an t-aistriú ón seanchóras roimh 2010 ó eolas faoi institiúidí agus faoi pholasaithe an Aontais a thástáil go béim ar **scileanna réasúnaíochta (tástálacha síciméadracha) agus inniúlachtaí ("scileanna boga")**. Tríd is tríd, déantar scileanna réasúnaíochta a thástáil sa chéad chéim réamhroghnaithe de chomórtais agus na hinniúlachtaí a thástáil ag céim dheiridh an Ionaid Measúnaithe. Tá trí chineál tástálacha réasúnaíochta ann – réasúnaíocht bhriathartha, réasúnaíocht uimhriúil agus réasúnaíocht theibí – a ndéantar cur síos iomlán orthu níos déanaí sa leabhar seo.

Chruthaigh EPSO **creat inniúlachta** a ndéantar iarrthóirí a mheas ina choinne. Déantar é seo le feiliúnacht iomlán na n-iarrthóirí do thimpeallacht oibre an Aontais a mheas, in éineacht le haon scileanna ar leith a theastaíonn uathu do phróifíl áirithe an phoist. Athraítear an meáchan a thugtar do na "croí-inniúlachtaí" ginearálta seo ó chomórtas go comórtas agus bíonn meáchan níos mó acu do róil ghinearálaí. Is san Ionad Measúnaithe go príomha a dhéantar tástáil inniúlachtaí ach féadtar é seo a dhéanamh go pointe áirithe ag réamhroghnú i bhfoirm tástálacha breithiúnais ar dhálaí, cé gur úsáideadh iad den chuid is mó go dtí seo i gcomórtas AD5 do ghinearálaithe ar céimithe iad.

## *Croí-Inniúlachtaí*

De réir EPSO, meastar iad seo a leanas mar chroí-inniúlachtaí (atá riachtanach do gach próifíl taobh amuigh den chomórtas):

- **Anailís agus Réiteach Fadhbanna –** Na fíricí criticiúla i saincheisteanna casta a aithint agus réitigh chruthaitheacha agus phraiticiúla a fhorbairt
- **Cumarsáid –** Cumarsáid a dhéanamh go soiléir agus go beacht ó bhéal agus i scríbhinn
- **Caighdeán agus Torthaí á mbaint amach –** Freagracht phearsanta a ghlacadh agus a m(h)eon féin a úsáidtear le hobair a chur i gcrích ar ardchaighdeán taobh istigh de nósanna imeachta socraithe
- **Foghlaim agus Forbairt –** Scileanna pearsanta agus eolas ar an eagraíocht agus ar a timpeallacht a fhorbairt agus a fheabhsú
- **Ord Tosaíochta agus Eagrú –** Tosaíocht a thabhairt do na tascanna is tábhachtaí, oibriú go solúbtha agus a (h)ualach oibre féin a eagrú go héifeachtúil
- **Teacht aniar –** Fanacht éifeachtach fiú le hualach mór oibre, frustrachas eagraíochtúil a láimhseáil go dearfach agus téann i bhfeiliúint do thimpeallacht oibre atá ag athrú
- **Ag Obair le Daoine Eile –** Oibriú i gcomhar le daoine eile i bhfoirne agus trasna teorainneacha eagraíochtúla agus meas a léiriú ar dhifríochtaí idir daoine

### *Sceideal Riarthóra le Céim (Ginearálaí) 2019 in ord croineolaíoch*

**Bealtaine 2019**
**Fógra comórtais**

**Meán Fómhair/Deireadh Fómhair 2019**
**MCQanna ríomhaire-bhunaithe**

**Nollaig 2019**
**Tástáil Idirmheánach**

**Márta 2020**
**Cás-staidéar**

**Aibreán/Bealtaine 2020 (táscach)**
**Ionad Measúnaithe**

**Meitheamh 2020 (táscach)**
**Liosta Ionadaithe**

**Earcaíocht**

- **Ceannaireacht –** Daoine a bhainistiú, a fhorbairt agus a spreagadh chun torthaí a bhaint amach (do ghráid Riarthóra amháin)

I gcás poist ar leibhéal sinsearach nó bainistíochta (AD9 agus os a chionn de ghnáth), is féidir inniúlacht amháin nó dhó eile a chur le próifílí nó comórtais poist ar leith, ag brath ar an anailís ar an bpost ar leith. Déantar tástáil i gcónaí ar na hinniúlachtaí ginearálta thuas trí dhá chleachtadh éagsúla lena mbailíocht agus a n-iontaofacht a chinntiú mar shíceolaithe eagraíochtúla; tá modh ar leith cruthaithe ag saineolaithe acmhainní daonna leis na critéir cháilíochta thuas a chinntiú. (Le tuilleadh faisnéise a fháil faoin gciall atá le gach inniúlacht agus faoin gcaoi a dtomhaistear an inniúlacht sin, féach an t-eagrán is déanaí de *The Ultimate EU Test Book Assessment*.)

### *Fad ama*

Rinne EPSO iarracht an nós imeachta roghnúcháin a chuíchóiriú agus a chur ar bhonn gairmiúil a oiread agus is féidir. Nuair a cuireadh tús leis an gcóras nua tástála in 2010 ba é an rún a bhí acu timthriall bliantúil soiléir a bheith ann, lena n-áirítear fógra an mhórchomórtais Riarthóra (le céim) ginearálaí i mí an Mhárta, agus ina dhiaidh sin foilsiú na gcomórtas do theangeolaithe (AD agus AST) timpeall mhí Iúil, agus ar deireadh gairm ar iarratais do Chúntóirí i mí na Samhna nó i mí na Nollag. Bheadh comórtais níos lú agus níos speisialaithe le cur ar siúl timpeall ar na mórchomórtais sheasta seo.

Go praiticiúil, áfach, agus ar roinnt cúiseanna, ní mar sin a tharlaíonn go minic. Ní ghabhfaimid isteach go mion sna cúiseanna anseo, seachas a rá nach bhfuil baint ar bith acu den chuid is mó le EPSO féin. Tá sé riachtanach, mar sin, láithreán gréasáin EPSO a sheiceáil leis an bhfaisnéis is déanaí faoin sceideal a fháil. Bíonn sé an-áisiúil go bhfoilsíonn EPSO sonraí ar a láithreán gréasáin ina dtaispeántar comórtais atá le teacht chomh maith leo siúd a fógraíodh cheana.

Bhí sé i gceist freisin gach timthriall a bheith críochnaithe taobh istigh de bhliain ón bhfógra go dtí go bhfoilseofaí an liosta ionadaithe. Ach is iondúil go mbíonn an scála ama níos faide ná sin.

I ndáiríre maireann comórtas AD trí mhí dhéag nó ceithre mhí dhéag go hiondúil ó thús (Fógra Comórtais) go deireadh (Liosta Ionadaithe). Ar ndóigh, glacann an earcaíocht féin tamall níos faide fós. Is féidir, áfach, d'ullmhúchán a phleanáil roimh ré mar gur léir go maith cén cineál comórtais atá le fógairt agus cén uair. Taispeántar sa chairt ar leathanach 6 an t-uainiú do chomórtas ginearálaí AD5 2019, an comórtas AD is mó sa bhliain.

Ar an gcuma sin, moltar duit díriú ar ullmhú don chéad chéim eile den chomórtas atá le teacht (tástálacha réasúnaíochta réamhroghnúcháin nó tástálacha inniúlachta an Ionaid Measúnaithe) seachas ar an bpróiseas ar fad ón tús. Dírítear sa leabhar seo, dá bhrí sin, ar an gcéim réamhroghnúcháin agus clúdaítear na tástálacha an-difriúil a úsáidtear san Ionad Measúnaithe san eagrán is déanaí de *The Ultimate EU Test Book Assessment Centre*.

### *Fáilte roimh Chéimithe a bhFuil a gCéim le Bronnadh Orthu go Gairid*

Is minic a athraítear an "spriocdháta", nó an dáta faoina gcaithfidh iarrthóir na critéir incháilitheachta go léir á shásamh, go háirithe maidir le céim nó cáilíocht eile a bheith agat, go dtí dáta áirithe níos déanaí ná an spriocdháta iarratais a bhí ar chomórtas ar leith. Tá sé seo fíor i gcás fhormhór na scrúduithe Riarthóra agus teangeolaí AD. Mar sin féin, seiceáil an riachtanas seo i bhFógra an Chomórtais i gcónaí le cinntiú go bhfuil tú incháilithe don chomórtas.

Tabhair faoi shampla praiticiúil. Abair go bhfógraíonn EPSO comórtas i Márta 2020. Ciallaíonn an chaoi a n-oibríonn an córas más mac léinn céime thú agus má tá súil agat do chéim a fháil i mí an Mheithimh 2020 ach go bhfuil spriocdháta an iarratais ag scrúdú EPSO, áit a bhfuil céim ollscoile riachtanach, i mí Aibreáin, is féidir leat iarratas a dhéanamh mar sin féin, ar chuntar go bhfaighidh tú an chéim faoin dáta a sonraítear. Is é an réasúnaíocht atá taobh thiar de seo an deis a thabhairt do chéimithe iarratas a dhéanamh ina mbliain staidéir dheireanach, agus ar an gcaoi sin beidh scóip níos leithne iarrthóirí in ann iarratas a dhéanamh.

### *Iarrthóirí a bhFuil Riachtanais Speisialta Acu*

Bhí fonn riamh ar institiúidí an Aontais Eorpaigh prionsabail na gcomhdheiseanna agus an neamh-idirdhealaithe a urramú i bhfianaise áit ríthábhachtach an bheartais seo i reachtaíocht Bhallstáit an Aontais agus ar ndóigh taobh istigh de na hinstitiúidí féin. Dá bhrí sin, i nós imeachta roghnúcháin an Aontais, ba cheart d'iarrthóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu, amhail amharc na súl atá teoranta go mór, míchumas fisiciúil nó deacrachtaí eile a dteastaíonn oiriúnú sna hionaid tástála ina leith, fógra a thabhairt do EPSO i bhfad roimh ré lena chinntiú go bhfuil a rochtain ar an tástáil agus ar scóráil na scrúduithe curtha i bhfeiliúint dá riocht. Féadfar i gcorrchás tástálacha duine ar dhuine nó bearta eile a chur ar fáil le iarrthóirí dá leithéid sin a spreagadh le hiarratas a dhéanamh.

## Na seansanna go n-éireoidh leat

Ceist bhunúsach shoiléir a bhíonn ag iarrthóirí is ea "*cén seans atá ann go n-éireoidh liom?*"

Tá dhá ghné de sholáthar agus éileamh i gceist leis an gceist seo a fhreagairt.

An chéad chuid, an t-éileamh, sin é **líon na n-iarrthóirí rathúla atá á lorg ag EPSO**. Is iad na hinstitiúidí a chruthaíonn é seo.

> **Pointe Tábhachtach**
>
> In 2018, bhí 25% d'oifigigh an Choimisiúin agus den fhoireann shealadach 55 bliain d'aois nó níos sine. Mar gheall ar líon na ndaoine a bheidh ag dul ar scor, ní mór do na hinstitiúidí leanúint orthu ag earcú leis an leibhéal reatha a choinneáil mar a chéile.

### *Pointe Tábhachtach*

Is minic gur féidir leat do dheiseanna a mhéadú trí iarratas a dhéanamh ar chomórtas níos speisialaithe, áit a bhfuil líon na n-iarrthóirí i gcoibhneas le líon na bpost atá ar fáil níos ísle.

Cé gur tharla méadú mór de bharr 12 Bhallstát nua a bheith tugtha isteach san Aontas in 2004/2007, b'éigean laghdú teoiriciúil 5% a dhéanamh ar líon na foirne sa tréimhse 2013-17 nuair a tháinig brú ar an Aontas ó na Ballstáit an caiteachas a choinneáil faoi smacht. Go praiticiúil, áfach, d'fhan an leibhéal foirne beagnach mar a chéile mar gur chuir earcaíocht le haghaidh roinnt tascanna ar leith cosúil le haontachas na Cróite le líon na ndaoine. Agus, ar ndóigh, fiú le linn na tréimhse sin lean comórtais ar aghaidh de réir mar a cruthaíodh cineálacha nua post, chuaigh daoine ar scor nó bhog siad ar aghaidh agus b'éigean daoine nua a chur ina n-áit, etc.

Cé go bhfuil earcaíocht líon na n-oifigeach AD buan laghdaithe go mór, ciallaíonn lucht saothair atá ag dul in aois go bhfuil géarghá le leanúint ar aghaidh ag earcú.

Is rud amháin é an t-éileamh comhiomlán, is rud eile é an mionsonra ag leibhéal na bpróifílí poist ar leith.

| Comórtas | Tagairt | Líon na n-iarrthóirí rathúla atá á lorg | Líon na nIarratas |
|---|---|---|---|
| Aistritheoirí Gaeilge AD5 | EPSO/AD/361/18 | 72 | 190 |
| Aistritheoirí Iodáilise AD5 | EPSO/AD/345/17 | 14 | 2332 |
| Dlítheangeolaithe Gaeilge AD7 | EPSO/AD/350/17 | 8 | 26 |
| Reachtaíocht agus Beartas Sábháilteachta Bia AD6 | EPSO/AD/341/18 | 35 | 799 |
| Céimí AD5 2019 | EPSO/AD/373/19 | 147 | 22,644 |
| Eacnamaíocht Airgeadais AD7 | EPSO/AD/339/17-1 | 55 | 905 |
| Dlítheangeolaithe Spáinnise AD7 | EPSO/AD/332/16 | 8 | 619 |
| Innealtóirí Bainistíochta Foirgníochta AD6 | EPSO/AD/342/17 | 24 | 1044 |
| Riarthóirí i Réimse an Iniúchta AD5 | EPSO/AD/357/18 | 80 | 4755 |
| Riarthóirí i réimse na Cosanta Sonraí AD6 | EPSO/AD/360/18 | 30 | 970 |

### *Pointe Tábhachtach*

Is féidir le líon na ndaoine a chuireann isteach ar chomórtais an-speisialaithe a bheith an-bheag. Mar shampla, in 2017 ní raibh ach 26 iarratas ar chomórtas dlítheangeolaithe Gaeilge AD7 do 8 bpost ar liosta ionadaithe. Dá speisialaithe an comórtas, is ea is dóichí a bheidh sé go mbeidh na hiarrthóirí eile ardcháilithe sa réimse sonrach sin agus an-spreagtha freisin.

D'fhéadfadh comórtas mór a bheith ann bliain amháin le speisialtóirí a roghnú i réimse áirithe, nó aistritheoirí do theanga áirithe, agus gan comórtas ar bith bliain eile do na próifílí sin. D'fhéadfadh an-éagsúlacht a bheith sa líon daoine a bheadh á lorg sna comórtais sin, ag brath ar riachtanais na n-institiúidí.

Is é an dara toisc an **soláthar iarrthóirí.** Bíonn sé seo faoi thionchar cúinsí amhail neart mhargadh na fostaíochta sna Ballstáit éagsúla agus leibhéal na speisialtóireachta a theastaíonn.

Mar a bheifeá ag súil leis, tá comórtas AD5 atá oscailte do chéimithe nach bhfuil aon taithí acu roimhe seo ó aon cheann de na Ballstáit le níos mó iarratas a mhealladh ná comórtas do speisialtóirí núicléacha, ná do dhlítheangeolaithe le Fionlainnis.

Taispeántar sa tábla ar leathanach 8 an gaol idir líon na n-iarrthóirí rathúla atá á lorg ag EPSO agus líon na n-iarratas comhlánaithe i roinnt comórtais Riarthóra a bhí ar siúl le déanaí nó atá fós ag dul ar aghaidh. Mar atá le feiceáil, meallann mórchuid na gcomórtas líon mór iarratasóirí i gcoibhneas le líon na n-iarrthóirí rathúla a bhíonn á lorg.

Cé go mbíonn an chuid is mó de chomórtais EPSO an-iomaíoch, ní bhíonn siad ar fad amhlaidh, agus d’fhéadfaí a rá go bhfuil roinnt acu nach mbíonn iomaíoch ar chor ar bith mar gheall ar a dhoiléire atá an phróifíl atá á roghnú. Féach ar na figiúirí sa tábla do chomórtas 2018 d’aistritheoirí Gaeilge AD5. Lorgaíodh 72 iarrthóir rathúil don chomórtas sin ach (in ainneoin gur cuireadh siar an spriocdháta) níor mheall sé ach 190 iarratas. Déan comparáid idir sin agus aistritheoirí Iodáilise AD5 2017, níor lorgaíodh ach 14 iarrthóir rathúil ach mealladh 2332 iarratas!

Is dócha nach raibh mórán rogha eile ag cuid de na hiarrthóirí ar an gcomórtas Iodáilise. Ach má tá rogha eile agat, ba chóir duit a bheith ar an eolas faoi. Samhlaigh gur cainteoir dúchais Iodáilise thú agus go bhfuil eolas maith agat ar an Máltais agus go bhfuil comórtais ann don dá theanga. I gcomórtas de chuid EPSO is cuma faoi do náisiúntacht agus iarratas á dhéanamh agat ar cheachtar acu. B’fhéidir gurb é do chéad rogha cur isteach ar an gcomórtas Iodáilise, toisc gurb í do theanga dhúchais í. Mar sin féin, tá an gá céanna san Aontas le haistritheoirí Iodáilise agus atá le haistritheoirí Máltaise ach tá 127 Iodálach ann do gach Máltach. Is léir, mar sin, go mbeidh i bhfad níos mó iarrthóirí Iodáilise ann agus b’fhearr duit comórtas Máltaise a roghnú.

De ghnáth, dá speisialaithe an comórtas is ea is fearr an seans go n-éireoidh leat. Ach tá coinníoll amháin leis an ráiteas sin, áfach. Dá speisialaithe an comórtas, is ea is dóichí a bheidh sé go mbeidh na hiarrthóirí eile ardcháilithe sa réimse sonrach sin agus an-spreagtha freisin. I gcodarsnacht leis sin, mar shampla, is féidir leat a bheith cinnte de i gcás comórtais mhóra cosúil leis an gcomórtas AD5 do chéimithe, atá oscailte do chách, go mbeidh go leor de na hiarrthóirí “ag baint triail as” agus nach mbeidh siad an-ullmhaithe.

> 5251 de na daoine a chomhlánaigh an chéad chuid den fhoirm iarratais do chomórtas 2019 AD5 do chéimithe, níor chríochnaigh siad an dara cuid riamh, rud a chiallaíonn gur thit beagnach duine as gach cúigear amach sula ndearna siad aon tástáil beag ná mór!

Go deimhin, ní thiocfaidh cuid díobh fiú chuig na tástálacha réamhroghnaithe (a reáchtáiltear de ghnáth i rith na seachtaine, ach ó am go chéile ar an Satharn) má cheapann siad nach fiú dóibh lá saoire a ghlacadh ón obair nó caitheamh aimsire eile.

Taobh amuigh de sin, ar ndóigh, tá ceist an ullmhúcháin. Sa chás go bhfuil beirt iarrthóirí a bhfuil an cumas céanna acu, is é an duine is fearr a ullmhaíonn, a chleachtann do na tástálacha agus a thuigeann a bhfuil á lorg ag na scrúdaitheoirí an té a n-éireoidh leis/léi ar deireadh.

Mar sin, ní mór duit smaoineamh go cúramach i gcónaí i dtaobh na próifíle le comórtais ar cheart duit iarratas a dhéanamh uirthi. Mar shampla, má tá cáilíocht agat i mbainistíocht acmhainní daonna agus má tá taithí ghairmiúil ábhartha agat, féadfaidh tú scrúdú Cúntóra agus scrúdú Riarthóra (má tá céim ollscoile agat) araon a shuí, agus d’fhéadfá a bheith incháilithe do chomórtas speisialaithe má oireann sé sin do do phróifíl.

Rud eile atá le cur san áireamh ná an **lorg fadtéarmach a fhágfaidh do rogha**: ní hamháin go gcinnfidh do phróifíl chomórtais an t-eolas gairmiúil riachtanach ach beidh tionchar aige freisin ar d’ionchais earcaíochta nuair a chuirfear ar an liosta ionadaithe thú. Is léir, mar sin, an fáth a gcruthaíonn EPSO fo-phróifílí agus próifílí speisialtóra sa phróiseas roghnúcháin: má lorgaítear saineolaí ar dhlí an chomhshaoil, bheadh seans ní b’fhearr go dtairgfear post dóibh siúd ar liosta ionadaithe dlíodóirí ná dóibh siúd ar liosta Riaracháin Phoiblí (cé nach riail fhoirmiúil í seo agus braitheann go leor ar ghnéithe seachtracha agus aonair eile freisin).

### *Pointe Tábhachtach*

Níl sé éasca aistriú ó ghrád Cúntóra go grád Riarthóra. Mar sin, bí cúramach i dtaobh tabhairt faoi chomórtas AST más post Riarthóra atá uait i ndáiríre.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, áfach, gur féidir *de facto duine ar bith* a earcú ó AON liosta ionadaithe ar chuntar go dtagann a bpróifíl phearsanta agus a ngrúpa feidhme (Rúnaí, Cúntóir nó Riarthóir) le riachtanais shonracha an fholúntais, cé go ndéanann institiúidí an Aontais iarracht meas a bheith acu ar pholasaí inmheánach gan iarrthóirí “a sciobadh” ó liostaí ionadaithe eile seachas an ceann a bhfuil siad ceaptha earcú uaidh.

Rud eile atá tábhachtach is ea **go bhfuil an deighilt ordlathach idir Riarthóirí agus Cúntóirí docht go leor**. Níl riarachán an Aontais pioc cosúil le gnólacht san earnáil phríobháideach áit ar féidir daoine cumasacha a aistriú go sciobtha as post amháin go post eile ar an bpointe beagnach. Leanann gach rud a bhaineann le hardú céime agus dul chun cinn gairme rialacha an-docht. Cé go bhfuil nós imeachta ann le bogadh ó AST go AD, ar a dtugtar “deimhniú”, níl sé seo furasta ar chor ar bith. Mar sin, más cuspóir leat post Riarthóra a fháil bí cúramach gan tabhairt faoi chomórtas Cúntóra díreach toisc go gceapann tú go mbeidh sé níos éasca. Tabhair faoi deara freisin go bhféadfadh cáilíochtaí sonracha a bheith ag teastáil ó EPSO i gcás comórtais Cúntóra mar chuid de na “critéir roghnúcháin riachtanacha” agus d’fhéadfadh sé seo a bheith ina chonstaic le pas a bhaint amach i gcomórtas dá leithéid.

Dá bhrí sin, bíonn sé deacair cinneadh a dhéanamh i dtaobh cén phróifíl is fearr a shuí, i bhfianaise a impleachtaí ar na seansanna go n-éireoidh leat. Mar sin féin, *níl aon teorainn leis an méid comórtas ar féidir leat tabhairt fúthu* (ar chuntar nach gcuirtear é sin as an áireamh go sonrach san Fhógra Comórtais). **Is minic nach mbíonn iarrthóirí ar an eolas gur féidir leo iarratas a dhéanamh ar phróifílí éagsúla** mar sin bí ar an airdeall faoin bhféidearthacht seo. Fad is atá tú ar an eolas faoi na gnéithe seo, is féidir leat an post a mheas níos fearr duit féin – is é seo do chéad chleachtadh ar réasúnaíocht uimhriúil i ndáiríre!

## *Aiseolas agus Gearáin*

Agus aiseolas agus gearáin á bplé, caithfear cuimhneamh, i bhfianaise líon suntasach na n-iarrthóirí, go láimhseáiltear iad ar bhealach uathoibríoch ar an gcéad dul síos sula mbreathnaíonn aon duine orthu.

Ní thugtar aiseolas (ar thorthaí tástála) ach i bhformáid uathoibríoch don chéim réamhroghnúcháin agus tugtar aiseolas níos cuimsithí dóibh siúd a ghlacann páirt san Ionad Measúnaithe i bhfoirm tuarascáil i scríbhinn ar a dtugtar **pas inniúlachta**, a chuirtear ar fáil do gach duine cuma cé acu a d’éirigh leo nár éirigh (féach thíos le tuilleadh faisnéise a fháil faoi seo). Is minic a iarrann EPSO aiseolas ar líne nó díreach tar éis na tástála ríomhaire-bhunaithe ar an scáileán, chun a nósanna imeachta a fheabhsú.

Ní féidir leis an mBord Roghnúcháin ach gearáin thromchúiseacha a bhfuil bunús maith leo a chur san áireamh, ar na cúiseanna thuas. Ciallaíonn sé seo freisin go ndéanann an Bord Roghnúcháin cásanna aonair a scrúdú i gcónaí nó EPSO mar chomhlacht a dhéanann é go heisceachtúil. Ina theannta sin, ní bhaineann gearáin ach leis an easpa airde ar rialacha na scrúduithe nó ar nósanna imeachta riaracháin eile agus is ar éigean is féidir leo baint riamh le “athbhreithniú” ar na scóir nó ar thorthaí na scrúduithe. Mar shampla, murar éirigh leat an pasmharc a bhaint amach le pointe amháin, ní féidir leat argóint a dhéanamh i bhfabhar trócaire nó solúbthachta mura raibh earráid i gceann de na ceisteanna scrúdaithe agus caithfear é sin a chur san áireamh i gcás gach iarrthóra. Cás eile inar féidir bunús a bheith le do ghearán is ea nuair nár tugadh aird ar riail scrúdaithe, e.g. níor ghlac an Bord Roghnúcháin le do cháilíocht ábhartha cé go bhfuil an ollscoil eisiúna creidiúnaithe agus aitheanta ag do Bhallstát.

Mar a luadh thuas, is leis an mBord Roghnúcháin a dhéanfar gearán ar an gcéad dul síos agus tá spriocdhátaí dochta i bhfeidhm (laistigh de 10 lá de ghnáth ó na torthaí a fháil), ach féadfaidh an tOmbudsman agus, ar deireadh thiar, Binse na Státseirbhíse, déileáil leis an gcás. Cé nach féidir leis an Ombudsman ach déileáil le “drochriarachán” (tagraíonn an téarma seo do chás nuair a theipeann ar institiúid nó comhlacht de chuid an Aontais aird a thabhairt ar rialacha nó nósanna imeachta na scrúduithe – seachas torthaí scrúduithe aonair nó meastóireachtaí an Bhoird

Roghnúcháin), breathnaíonn Binse Státseirbhíse an Aontais ar chásanna aonair de réir a bhfiúntais ach ní ghníomhaíonn sé ach mar chomhlacht athbhreithnithe bhreithiúnaigh dara leibhéal tar éis don Bhord Roghnúcháin do ghearán foirmiúil a dhiúltú. Mar sin féin, caithfear a mheabhrú gur nósanna imeachta fada casta iad seo agus nach fiú an tairbhe an trioblóid ach amháin má tá tú cinnte dearfa de go ndearnadh leatrom ort nó gur féidir agóid a dhéanamh faoi d'iarratas ar fhorais dhlíthiúla.

Rud eile atá tábhachtach is ea gur féidir leat, mar a luadh thuas, iarratas a dhéanamh ar chomórtais nua gan aon teorainn, beag beann ar aon iarracht roimhe sin inar theip ort pas a ghnóthú i scrúduithe. Mura n-éiríonn leat i scrúdú, ní choinníonn EPSO cuntas ar do scóir ná do chuid torthaí, mar sin *is féidir leat tosú "as an nua" má shocraíonn tú triail eile a bhaint as na scrúduithe*, agus féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ag an am céanna ar chomórtais éagsúla (ar chuntar go gcomhlíonann tú na critéir incháilitheachta agus nach bhfuil aon chlásal san Fhógra Comórtais á chosc seo).

## *Na Boird Roghnúcháin*

Go traidisiúnta, bhíodh oifigigh de chuid an Aontais ag obair go deonach le páirt a ghlacadh ar Bhoird Roghnúcháin. Bíonn éagsúlacht mhór idir a gcúlra, na nithe a spreagann iad agus na nithe is spéis leo, rud a chinntíonn go gcaitear go cóir oibiachtúil le hiarrthóirí agus bíonn treoirlínte dochta i bhfeidhm a bhfuil dualgas ar gach duine díobh cloí leo. Roghnaítear Boird Roghnúcháin, lena n-áirítear an chuid is mó de na measúnóirí, as measc pearsanra atá ag obair go deonach fós agus fiú pearsanra atá ar scor, cé go soláthraíonn conraitheoirí seachtracha anois seirbhís saineolais, go háirithe maidir le tástálacha ilrogha a fhorbairt agus na scrúduithe a riar in áiteanna éagsúla ar fud an domhain. Bhí EPSO ag iarraidh na Boird Roghnúcháin a chur ar bhonn gairmiúil trí scóip thascanna na mball a leathnú ar feadh roinnt míonna nó fiú blianta seachas iad a úsáid ar bhonn *ad hoc*, agus ar an gcaoi sin níos mó léargais agus eolais a bheith acu, agus freisin oiliúint cheart a chur orthu sula gcuirtear tús leis an tasc.

De ghnáth déanann baill an Bhoird Roghnúcháin an scrúdú iomlán a riar agus iad neamhspleách ar EPSO agus, de réir dlí, is iadsan amháin atá freagrach as comórtas a rith seachas EPSO. Tá a Bhord Roghnúcháin féin ag gach comórtas, a ghlacann le tascanna amhail na tástálacha a ullmhú, iarrthóirí a ligean isteach ar bhonn a gcomhad nó na cleachtaí a mharcáil. I gcás a tugadh os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, thug iarrthóir i scrúdú Riarthóra 2010 cás i gcoinne chumas an Bhoird Roghnúcháin na tástálacha ríomhaire-bhunaithe a rialú agus a mhaoirsiú – tástálacha a bhí cruthaithe agus reáchtáilte ag gnólacht seachtrach. Bhuaigh sé an cás, agus b'éigean scrúduithe Riarthóra 2010 a reáchtáil arís in 2013. Léirigh an cás seo tábhacht an Bhoird Roghnúcháin agus a ndualgas maoirseacht a dhéanamh ar gach gné den chomórtas.

Ní fhéadfaidh tú, ar ndóigh, labhairt le haon bhall den Bhord Roghnúcháin le haon eolas breise a lorg seachas an t-eolas a chuirtear in iúl duit go foirmiúil, cé go gcuirtear ainmneacha bhaill an bhoird in iúl go poiblí i gcónaí ar láithreán gréasáin EPSO ar mhaithe le trédhearcacht. Síleann roinnt iarrthóirí má dhéanann siad cuardach tapa ar líne le cúlra gairmiúil bhaill an bhoird a lorg agus teacht ar na hábhair is fearr leo (e.g. má oibríonn ball in Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta sa Choimisiún Eorpach, b'fhéidir go mbeidh tionchar éigin aige ar na ceisteanna a chuireann siad), ach is annamh a tharlaíonn sé sin go háirithe ós rud é go bhfuil cur chuige an-difriúil ag na hIonaid Mheasúnaithe maidir le hiarrthóirí a thástáil.

## *Ionaid agus Costais*

Bíonn na scrúduithe **réamhroghnúcháin** ar siúl ar fud na hEorpa agus i roinnt áiteanna eile ar fud an domhain. Sa chás go bhfuil saoránaigh de na Ballstáit uile incháilithe do chomórtas (an gnáthchás), beidh ionaid scrúdaithe i bpríomhchathair gach tíre, agus i gcás tíortha móra, i gcathracha móra eile freisin.

Toisc go ndéantar beagnach gach scrúdú faoi chóras EPSO a riar ar ríomhairí, is gnách go ndéantar scrúduithe in imeacht tréimhse áirithe ama sna hionaid ainmnithe.

Iarrtar ar iarrthóirí dáta agus ionad a fheileann dóibh a roghnú agus a chur in áirithe. Ba chóir duit iad a roghnú go cúramach. Cé go ligeann EPSO duit do choinne MCQ a athsceidealú go dtí an lá deiridh, d'fhéadfadh na hamanna ar fad sa sceideal a bheith imithe. Anuas air sin, tá roinnt cineálacha tástála ann nach féidir a athsceidealú seachas i gcásanna eisceachtúla.

### Pointe Tábhachtach

Is féidir tástálacha réamhroghnúcháin a dhéanamh i do thír dhúchais, ar do chostas féin. Is gnách gur sa Bhruiséil a bhíonn tástálacha na nIonad Measúnaithe agus íoctar do chostais.

Tar éis duit d'iarratas a bhailíochtú (i.e. é a chur isteach go foirmiúil ar líne), ansin caithfidh tú fanacht go ndúnfaidh EPSO an tréimhse iarratais agus go n-osclaítear an tréimhse áirithinte. Tá spriocdhátaí dochta ag gabháil leis an dá chéim seo. An nóiméad a n-osclaítear an tréimhse áirithinte, bí cinnte clárú a luaithe is féidir ós rud é go n-imíonn na háiteanna agus na hamanna is mó a bhfuil tóir orthu go tapa, ar fhaitíos go mbeadh aon mhoill ar an idirlíon nó timpiste freastalaí ag an nóiméad deireanach a d'fhéadfadh cosc a chur ort am agus áit a chinntiú.

Ní dhéanann EPSO aon ranníocaíocht i leith aon chostais taistil nó chothaithe a bhaineann le céim réamhroghnúcháin an scrúdaithe. Mar gheall go ndéantar na scrúduithe seo i do thír féin nó in ionaid éagsúla in áiteanna eile ar domhan, bíonn taisteal ó do bhaile féin go dtí na hionaid seo ar do chostas féin i gcónaí.

Maidir le céim an mheasúnaithe, tabharfar dáta sonrach duit tamall roimh ré – ní bheidh ach rogha theoranta (nó gan aon rogha) agat an dáta sin a leasú mura gcuireann imeachtaí nach bhfuil aon neart orthu cosc ort freastal agus gur féidir leat an chúis a mhíniú go cuí.

Tá **Ionaid Mheasúnaithe** lonnaithe go lárnach sa Bhruiséil cé go bhfuil Ionad Measúnaithe i Lucsamburg freisin – do dhlítheangeolaithe amháin. Aisíoctar iarrthóirí ar gá dóibh taisteal ansin as a gcostais taistil agus tugtar liúntas cothaithe laethúil dóibh freisin as costais óstáin agus bhia. Cuirtear na rialacha sonracha in iúl roimh ré i gcónaí chomh luath leis an bhFógra Comórtais nó níos déanaí dóibh siúd a théann chomh fada le céim an mheasúnaithe. Is é an bunphrionsabal ná nár cheart go mbeadh aon duine faoi mhíbhuntáiste as ucht freastal ar na comórtais mar gheall ar dheacrachtaí buiséadacha. Tá an riail chéanna maidir le comhdheiseanna i bhfeidhm dóibh siúd atá ag eitilt nó ag taisteal chuig agallamh poist ar leith mura rogha eile indéanta é teileafón nó físchomhdháil.

## *Spreagadh*

Sula ndéanann tú iarratas, tá sé úsáideach machnamh a dhéanamh ar na tosca a spreagann tú agus tú ag iarraidh obair d'institiúid de chuid an Aontais. De ghnáth, is meascán de chúinsí éagsúla é – mar shampla an fonn a bheadh ar dhuine a bheith ag obair ar ghnóthaí idirnáisiúnta i dtimpeallacht ilchultúrtha, creideamh sa lánpháirtíocht Eorpach, an deis taisteal, tuarastal tarraingteach agus sochair a fháil, post suimiúil agus ilchineálach a bheith agat, teangacha iasachta a labhairt agus a fhoghlaim, post cinnte etc.

Má bhíonn tú ar an eolas faoi na tosca is tábhachtaí duit féin go pearsanta cuideoidh sé sin leat an phróifíl is fearr a fheileann duit a roghnú agus ba cheart go gcuideoidh sé freisin san agallamh struchtúrtha, má théann tú chuig an Ionad Measúnaithe, nuair a dhéanann measúnóirí iarracht tuilleadh a fháil amach faoi do phearsantacht. Is gné ríthábhachtach é "a bheith mar chuid de rud atá níos mó ná tú féin" agus beidh tú in ann béim a leagan air sin sa chuid sin de d'iarratas a bhaineann le hinspreagadh. Ar an ábhar sin freisin, do chomórtas ginearálaí AD5 2018 (do chéimithe) thug EPSO "Agallamh Inspreagtha don Aontas" isteach ag an Ionad Measúnaithe, chun tiomantas na n-iarrthóirí don "idé Eorpach" a mheas. Rinneadh é seo arís in 2019.

## *Na hIarrthóirí*

Tá sé an-deacair, dodhéanta b’fhéidir, próifíl iarrthóra “tipiciúil” a leagan amach i bhfianaise líon mór agus chúlraí éagsúla na n-iarratasóirí. Mar sin féin, tuigim anois go mbíonn roinnt rudaí lárnacha i bpáirt ag formhór na n-iarratasóirí a bhíonn dáiríre faoin bpróiseas. Baineann an méid seo a leanas leo ar fad:

- Bíonn suim acu i ngnóthaí an Aontais Eorpaigh, tiomanta don lánpháirtíocht Eorpach agus is mian leo oibriú ar son “cúis mhaith”
- Bíonn siad solúbtha agus toilteanach oibriú thar lear i dtimpeallacht ilchultúrtha
- Bíonn inspreagadh láidir acu staidéar a dhéanamh ar na scrúduithe agus pas a fháil iontu chun dul isteach in institiúidí an Aontais
- Tuigeann siad agus glacann siad leis go bhfuil institiúidí an Aontais difriúil leis an earnáil phríobháideach sa mhéid is gur meascán de chór taidhleoireachta, eagraíocht idirnáisiúnta agus riarachán rialtais iad atá bunaithe ar mhúnla ordlathach

Féachfaidh measúnóirí ar na suáilcí thuas freisin fiú mura ndéantar sin ach ar leibhéal indíreach nó neamhfhoirmiúil. Déileálann institiúidí an Aontais le réimse leathan saincheisteanna – is cinnte dá réir sin go dtiocfaidh tú ar phost a oireann do na nithe is spéis leat agus do do phearsantacht má tá d’inspreagadh i gceart.

Níl aon aois íosta ann le haghaidh iarrthóirí; cinntear é sin i ndáiríre de réir riachtanas céime/dioplóma nó taithí oibre. Ar ndóigh, bíonn fonn ar an Aontas cothrom na Féinne a chinntiú i dtéarmaí chúlraí na n-iarrthóirí, agus comhdheiseanna a chinntiú do chách bunaithe ar fhiúntas, is cuma má bhaineann siad le haon mhionlach reiligiúnach, gnéasach, eitneach nó mionlach, deighleog shóisialta nó aoisghrúpa áirithe nó mura mbaineann.

Cibé aois atá agat, beidh ort scrúdú leighis a phasáil – beidh sé sin ina thagarmharc le haghaidh do chomhaid árachais shóisialaigh agus árachais sláinte sula dtosóidh tú i bpost in institiúid de chuid an Aontais. Cinntíonn sé seo freisin go bhfuil tú in ann ag an bpost atá le déanamh agat go fisiciúil.

## *Cuótaí*

Fiafraítear go minic an gcuireann institiúidí an Aontais córas cuótaí i bhfeidhm chun poist a leithdháileadh ar líon áirithe oifigeach ó gach Ballstát. Is ceist sách íogair í seo ós rud é go n-oibríonn státseirbhísigh an Aontais don Aontas féin seachas dá rialtas náisiúnta agus mar sin go teoiriciúil ba chóir nach mbainfeadh a náisiúntacht le hábhar. Go praiticiúil, áfach, ní hamhlaidh an scéal.

Go deimhin, foráiltear leis na Rialacháin Foirne, an cháipéis dlí ina leagtar síos coinníollacha fostaíochta foirne in institiúidí an Aontais, go bhfuil oifigigh “le hearcú ar an mbonn geografach is leithne agus is féidir as measc náisiúnaigh Bhallstáit an Aontais”. Mínítear sa tagairt seo don “bhonn geografach is leithne agus is féidir” na comórtais speisialta le blianta beaga anuas e.g. le hiarrthóirí a roghnú ón gCróit amháin bunaithe ar a n-aontachas leis an Aontas le déanaí, ach is eisceacht iad comórtais spriocdhírithe dá leithéid, seachas riail.

Seachas imthosca speisialta dá leithéid, nuair a bhíonn Ballstáit nua ag tosú ón mbun, ciallaíonn an fhoráil “bonn geografach is leithne agus is féidir” go praiticiúil go ndéantar iarracht leanúnach leithdháileadh post a choinneáil ag leibhéal a léiríonn líon na ndaoine as daonra gach Ballstáit san Aontas ina iomláine.

> ***Pointe Tábhachtach***
>
> Aithníodh ocht dtír, mar gheall ar a dtearcionadaíocht, mar “thíortha fócais” d’iarrachtaí cumarsáide EPSO do chomórtas ginearálaí (do chéimithe) AD5 2018. Ba iad sin Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Fhrainc, an Ghearmáin, Éire, an Ísiltír, an Pholainn agus an tSualainn.

Tá sé seo fíor i gcás gach gráid, an lucht ardbhainistíochta san áireamh. Ach, in ainneoin an phrionsabail sin, níl cuótaí i ndáiríre ann do shaoránaigh d'Éirinn ná den Chipir ná d'aon saoránach eile i bhfianaise an chórais comórtais bunaithe ar fhiúntas. Dá bhrí sin bíonn míchothromaíochtaí nádúrtha ann i gcónaí agus ní fhéadfaí a ndúshlán a thabhairt ach trí leithdháiltí foirne ar leith a thabhairt isteach, ach ar ndóigh sháróidís sin prionsabal an neamh-idirdhealaithe bunaithe ar náisiúntacht. Is cinnte nach ceist éasca í seo le láimhseáil go polaitiúil agus í ag baint le croílár na bprionsabal a threoraíonn lánpháirtíocht na hEorpa.

Saincheist, ar ndóigh, a thiocfaidh chun cinn sna blianta amach romhainn is ea tearcionadaíocht na mBallstát is sine (AE-14 anois) i measc oifigigh níos óige sa chatagóir AD5-8. De réir mar a théann oifigigh aosta – agus ró-ionadaíocht as measc thíortha AE-14 le sonrú orthu – ar scor, aistreofar an éagothroime sin suas sna céimeanna le himeacht aimsire.

## *Rialacha Teanga*

Go ginearálta, seachas i gcomórtais teangeolaithe, iarrfar an bhfuil eolas agat ar dhá theanga oifigiúla: ceann ar leibhéal C1 (eolas críochnúil) agus ceann ar leibhéal B2 ar a laghad (eolas sásúil). **Siúd iad "teanga 1" agus "teanga 2" mar a thugtar orthu**.

Sainmhínítear na leibhéil sa "Creat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha".

Ceann de na míthuiscintí is coitianta maidir le comórtais AE is ea an bhrí chruinn atá le "do chéad teanga" agus "do dhara teanga". Go praiticiúil, ciallaíonn an téarma "teanga 1" do mháthairtheanga de ghnáth, ach ní gá gurb í an mháthairtheanga í i ngach cás, *fad is gur teanga oifigiúil de chuid an Aontais í*. Is é an fáth ar gá béim a leagan ar an bpointe deireanach seo toisc go bhféadfadh Rúisis a bheith ag iarrthóir Liotuánach, mar shampla, mar mháthairtheanga ach ní féidir í a thairiscint mar theanga 1 ós rud é nach teanga oifigiúil de chuid an Aontais í.

I roinnt cásanna, go háirithe i gcás scrúduithe a bhaineann le méadú an Aontais nó le teangeolaithe, socraíonn saoránacht an iarrthóra nó próifíl teanga shonrach an chomórtais áirithe an chéad teanga riachtanach go huathoibríoch. Samplaí de seo is ea comórtais do Riarthóirí agus Cúntóirí Cróiteacha ina n-éilítear gurb í an Chróitis an chéad teanga; nó an Fhraincis a bheith acu mar an chéad teanga éigeantach do scrúduithe aistriúcháin sa Fhraincis. I gcásanna eile féadfaidh tú do theanga 1 a roghnú ach aird a thabhairt ar na rialacha thuas maidir le saoránacht agus riachtanais oifigiúla teanga an Aontais. Mar sin, mar shampla, má tá saoránacht Lucsamburgach agat, b'fhéidir gur Fraincis nó Gearmáinis do "chéad teanga" mar nach teanga oifigiúil de chuid an Aontais í. an Lucsambuirgis.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur féidir go gciallódh "máthairtheanga" freisin má tá teanga a "d'fhoghlaim tú" ar do thoil agat – agus má tá tú muiníneach go bhfuil do labhairt agus do scríbhneoireacht beagnach foirfe sa teanga sin, is féidir leat a chur in iúl gurb í do chéad teanga í.

**Teangacha na n-iarrthóirí do chomórtas na Riarthóirí le Céim, 2019**

| *Teangacha a Dearbhaíodh ag leibhéal B2 nó os a chionn (céatadáin), i rang-ord* | |
|---|---|
| Béarla | 98.02 |
| Fraincis | 51.37 |
| Spáinnis | 29.66 |
| Iodáilis | 26.69 |
| Gearmáinis | 18.36 |
| Gréigis | 8.75 |
| Ísiltíris | 8.30 |
| Rómáinis | 6.70 |
| Portaingéilis | 4.97 |
| Polainnis | 3.65 |
| Bulgáiris | 2.80 |
| Seicis | 2.56 |
| Cróitis | 2.34 |
| Ungáiris | 1.79 |
| Sualainnis | 1.73 |
| Slóvaicis | 1.60 |
| Fionlainnis | 1.53 |
| Liotuáinis | 1.13 |
| Danmhairgis | 0.92 |
| Slóivéinis | 0.80 |
| Laitvis | 0.48 |
| Eastóinis | 0.43 |
| Máltais | 0.32 |
| Gaeilge | 0.30 |

| Comórtas | Tagairt | Riachtanas 2ú teanga | Nótaí |
|---|---|---|---|
| Riarthóirí (AD 7) in 1. Eacnamaíocht airgeadais 2. Maicreacnamaíocht | EPSO/AD/339/17 | Béarla, Fraincis nó Gearmáinis | |
| Riarthóirí Iarchéime AD5, 2019 | EPSO/AD/373/19 | 1 de na 5 theanga a roghnaíodh (na 5 cinn is mó a dhearbhaíonn iarrthóirí, faoi réir riachtanais na seirbhíse) | Féach an chéad "Phríomhphointe" ar leathanach 16! Caithfidh tú 2 theanga ar a laghad a dhearbhú ag céim 1 den iarratas. Ní féidir leat cuid 2 den iarratas a chomhlánú ACH AMHÁIN má dhearbhaigh tú ceann de na 5 theanga roghnaithe |
| Riarthóirí AD5 i Réimse an Iniúchta | EPSO/AD/357/18 | Béarla nó Fraincis | |
| AD7 in 1. Custam, 2 Cánachas | EPSO/AD/363/18 | Béarla nó Fraincis | |
| AD6 Innealtóirí Bainistíochta Foirgníochta | EPSO/AD/342/17 | Béarla, Fraincis, Gearmáinis | |
| AD6 Reachtaíocht agus Beartas Sábháilteachta Bia | EPSO/AD/341/18 | Béarla, Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis | Tá an Ghníomhaireacht Eorpach do Chaighdeáin Bhia lonnaithe san Iodáil agus úsáideann gníomhaireachtaí teangacha áitiúla chomh maith le teangacha oibre an Aontais. |
| AD6 Riarthóirí i réimse na Cosanta Sonraí | EPSO/AD/360/18 | Béarla nó Fraincis | |

Mar shampla, más Slóvacach thú de réir do chuid saoránachta ach má labhraíonn tú Gréigis go foirfe, agus gur mhaith leat iarratas a dhéanamh ar scrúdú i gcás go bhfuil an Ghréigis ar cheann de na chéad roghanna teanga, ná bíodh drogall ort é sin a dhéanamh. Ach cuimhnigh go gcaithfidh do dhara teanga a bheith ar leibhéal ard freisin.

**Is í teanga 2 do chéad teanga iasachta de ghnáth**. Go traidisiúnta, ní bhíodh cead agat ach rogha a dhéanamh idir Béarla, Fraincis nó Gearmáinis. Tar éis rialú ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (a d'fhág gur cuireadh comórtas ginearálaí AD5 ar ceal in 2016) tá EPSO anois ag tairiscint sa chomórtas ginearálaí mar theanga 2 na cúig theanga is minice a dhearbhaíonn iarrthóirí ar leibhéal B2 nó níos airde sa chéad chuid dá bhfoirm iarratais don chomórtas atá i gceist (rud a chiallaíonn go bhféadfadh sé a bheith éagsúil ó chomórtas go comórtas).

An chéad uair a cuireadh an nós imeachta nua seo i bhfeidhm, i gcomórtas ginearálaí AD5 2017 (EPSO/AD/338/17) is iad seo na cúig theanga is mó a dhearbhaigh daoine: Béarla, Fraincis, Spáinnis, Iodáilis agus Gearmáinis (san ord sin, ón líon is airde go dtí an líon is ísle), mar a bheifí ag súil leis. Tharla an rud ceannann céanna i gcomórtas 2018 agus arís in 2019 (féach an tábla ar leathanach 14).

Mar sin féin, is fiú a lua go ndeirtear san Fhógra Comórtais i gcásanna dá leithéid cé go bhfuil sé ar intinn ag EPSO na 5 theanga is minice a dhearbhaíonn iarrthóirí a thairiscint mar theanga 2 ní bheadh anseo ach sa chás "*go gcuirtear riachtanais na seirbhíse san áireamh freisin*". Mar sin, tá lánrogha ann cinneadh a dhéanamh faoi na teangacha a ndéileálfar leo mar theanga 2. Is féidir athruithe ar rialacha teanga a bheith i gcomórtais eile freisin.

### Pointe Tábhachtach

Maidir le comórtas iarchéime AD5 (amhail 2019) caithfidh tú sa chéad chéim den phróiseas iarratais 2 theanga ar a laghad a dhearbhú. Is féidir teanga oifigiúil ar bith a lua anseo. Ansin deir EPSO cad iad na 5 theanga is mó a dearbhaíodh (le coinníoll go gcaithfidh sé seo a bheith faoi réir riachtanais na seirbhíse) agus ní féidir leat dul ar aghaidh sa chomórtas ach amháin má tá do theanga 2 i measc na 5 cinn sin. Is é sin le rá, ní fiú an Eastóinis agus an Liotuáinis, nó an Chróitis agus an Phortaingéilis, a dhearbhú mar an dá theanga atá agat i gcuid 1 toisc nach mbeidh siad sin incháilithe mar theanga 2 choíche.

Mar shampla, i gcás chomórtas 2019 (EPSO/AD/374) do Riarthóirí i bhfo-phróifílí éagsúla a bhain le hairgeadas, ba iad na dara teangacha a ceadaíodh Béarla, Fraincis, Gearmáinis nó Iodáilis. Uaireanta, i gcodarsnacht leis sin (féach an tábla ar leathanach 15), b'fhéidir nach gceadófaí ach Béarla nó Fraincis mar roghanna.

Maidir le scrúduithe teangeolaithe is gnách gurb í an dara teanga an teanga a lorgaítear iarrthóirí di. Mar shampla, má fhógraíonn EPSO scrúdú teangeolaithe d'aistritheoirí Bulgáirise, is í an Bhulgáiris an chéad teanga, is dóigh gur Béarla, Fraincis nó Gearmáinis an dara teanga, agus beidh riachtanas tríú teanga (an dara teanga iasachta i ndáiríre) ann freisin. Tabhair faoi deara nach bhfuil aon riachtanas ann maidir le saoránacht de chuid na Bulgáire toisc gurb é an sprioc atá ann an teanga a bheith ar a t(h)oil ag an iarrthóir, is cuma cén tsaoránacht de chuid an Aontais a d'fhéadfadh a bheith agat. Is riail bhunúsach é seo sa chóras: déantar an riachtanas saoránachta a scaradh i gcónaí ó na riachtanais teanga.

Déanann EPSO socrú anois go ndéantar tástálacha réasúnaíochta teibí, tástálacha réasúnaíochta briathartha agus tástálacha réasúnaíochta uimhriúla i do chéad teanga. Taispeánann sé seo nach é aidhm na dtástálacha sin do chuid eolais theangeolaíoch a thástáil ach do scileanna réasúnaíochta síciméadracha a mheas. Is i dteanga 2, áfach, a bhíonn na tástálacha breithiúnais ar dhálaí agus na tástálacha eile (e.g. tástálacha sainréimse do speisialtóirí, cleachtaí Ionad Measúnaithe agus eile) agus toisc go bhfuil siad seo an-éilitheach ó thaobh na teanga de caithfidh teanga 2 a bheith an-mhaith agat.

Nuair a earcaítear iad, beidh ar oifigigh leibhéal AD a thaispeáint go bhfuil siad in ann oibriú sa dara teanga iasachta (a "dtríú teanga") roimh a gcéad ardú céime. Níl an leibhéal i dteanga 3 a theastaíonn ó oifigigh atá ann cheana, áfach, an-ghéar i gcomparáid le riachtanais teanga 2 na n-iarrthóirí i gcomórtais EPSO.

### Pointe Tábhachtach

Is dócha gurb í do theanga dhúchais do theanga 1 – ach ní gá gurb ea, agus i gcásanna áirithe b'fhéidir nach í an rogha is fearr í. Samhlaigh gur Fraincis do theanga dhúchais ach go bhfuil Gearmáinis mhaith agat agus go bhfuil tú ag cur isteach ar chomórtas inar féidir ceachtar acu a roghnú mar theanga 2. B'fhéidir go gcinnfeá na tástálacha réamhroghnúcháin a dhéanamh i nGearmáinis agus do theanga dhúchais a choinneáil don Ionad Measúnaithe, áit a bhfuil scileanna teanga níos sofaisticiúla agus níos idirghníomhaí ag teastáil.

Nod don eolach, nuair a bheidh a fhios agat cén teanga ina ndéanfar measúnú ort (i.e. an rogha do theanga 2; i gcás teangeolaithe/ateangairí, déanfar tástáil ar do chéad teanga freisin), léigh gach ábhar ullmhúcháin sa teanga/sna teangacha sin amháin. Ar ndóigh, d'fhéadfadh sé go mbeadh difríocht shuntasach idir leaganacha Fraincise, Gearmáinise agus eile d'institiúidí, giorrúcháin, cláir agus coincheapa an Aontais, agus is cinnte nár mhaith leat an Chomhairle Eorpach a thógáil in ainriocht Chomhairle na hEorpa mar gheall ar cheist teanga.

| | Riarthóirí (AD) | Teangeolaithe (AD) | Cúntóirí (AST) Rúnaithe (AST-SC) | Speisialtóirí (AD nó AST) |
|---|---|---|---|---|
| **Íoscháilíochtaí** | Céim (leibhéal BA ar a laghad nó 3 bliana staidéir, féadfaidh EPSO a cheangal go mbeidh baint aici leis an bhfo-phróifíl roghnaithe, e.g. Iniúchadh) | Céim (BA ar a laghad nó 3 bliana staidéir) | Dioplóma ábhartha ardscoile nó cáilíocht iar-mheánscoile (d'fhéadfadh go mbeadh gá le hobair staidéir 3 bliana ar a laghad freisin) | Mar an gcéanna i gcás ASTanna agus ADanna |
| **Taithí Oibre** | Dada (AD5);<br>3 bliana (AD6);<br>6 bliana (AD7);<br>12 bhliain (AD9)<br>(eisceacht: féach colún na Speisialtóirí) | Dada (AD5);<br>6 bliana (AD7);<br>12 bhliain (AD9) | Dada go 3 nó 6 bliana, ag brath ar an gcáilíocht (AST3 agus os a chionn agus SC1 agus SC2 mura bhfuil dioplóma ábhartha ar fáil) | Mar an gcéanna i gcás ASTanna agus ADanna (ach d'fhéadfadh eisceachtaí a bheith ann,<br>e.g. ní theastóidh ach 3 bliana taithí oibre ó dhlítheangeolaithe AD7 seachas 6 bliana). B'fhéidir go mbeadh an taithí a theastaíonn ag brath ar cháilíochtaí |
| **Cineál Cáilíochta** (in go leor cásanna, ach ní i gcónaí, tá cáilíochtaí in ann tú a dhícháiliú, mar sin déan cinnte de go léifidh tú Fógra Comórtais EPSO go cúramach) | Na hEalaíona,<br>Dlí, Eacnamaíocht,<br>Eolaíocht Pholaitiúil,<br>Staitisticí etc. | Léann Teangacha,<br>Ateangaireacht | Staidéar Cléireachais,<br>na hEalaíona,<br>Airgeadas,<br>TF,<br>Scileanna teicniúla etc. | Dlíodóirí, Teangeolaithe, Innealtóirí, Eolaithe, Dochtúirí, Tréidlianna, etc. |

*Nóta tábhachtach: tá éagsúlacht mhór sa téarmaíocht a bhaineann le cáilíochtaí ó thír go tír – is "dioplóma" i dtír amháin an rud ar a dtugtar "céim" i dtír eile, agus mar sin de. Le haghaidh liosta de réir tíre de na samplaí de cháilíochtaí a mheasann EPSO a fhreagraíonn dóibh siúd a éilítear sna Fógraí Comórtais, féach http://europa.eu/epso/doc/diplomes-fortheweb_en.pdf*

*Tabhair faoi deara le do thoil nach bhfuil sa tábla ach leid agus go bhféadfadh na riachtanais féin a bheith difriúil; féach cumarsáid oifigiúil EPSO i gcónaí chun an t-eolas is deireanaí a fháil*

## *Critéir Fhoirmiúla*

Mar iarrthóir atá ag cur isteach ar scrúduithe de chuid an Aontais, caithfidh tú critéir fhoirmiúla (oibiachtúla) áirithe a chomhlíonadh. Deirtear iontu seo, mar riail ghinearálta, go gcaithfidh tú:

- A bheith i do shaoránach de Bhallstát den Aontas Eorpach (cé go bhféadfadh eisceachtaí tarlú mar a tharlaíonn i gcás comórtais a bhaineann le méadú an Aontais)
- A bheith i dteideal cearta iomlána mar shaoránach dá leithéid (e.g. gan aon teorainneacha dlí mar thoradh ar ghníomhartha coiriúla nó saincheisteanna eile) agus na riachtanais charachtair a chomhlíonadh maidir leis na dualgais atá i gceist
- Aon oibleagáid atá ort ó thaobh an dlí maidir le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta (ní bhaineann ach leis na Ballstáit sin ina bhfuil an tseirbhís sin éigeantach, agus fiú ansin is féidir leat a chruthú go raibh tú díolmhaithe ón tseirbhís)

### *Pointe Tábhachtach*

Is féidir leis na "híoscháilíochtaí" sa tábla thuas duine a chur amú. Bíonn céimeanna ollscoile ag formhór na gCúntóirí na laethanta seo agus bíonn iarchéimeanna ag formhór na AD5anna nuacheaptha (ach ní acu ar fad).

- Eolas críochnúil a bheith agat ar cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh agus eolas sásúil ar an dara teanga (is é seo an t-íosriachtanas ach féadfar réamhriachtanais theanga bhreise a leagan amach san Fhógra Comórtais mar a luadh thuas freisin)
- An t-íosmhéid oideachais agus/nó taithí oibre leordhóthanach a bheith agat mar atá leagtha amach san Fhógra Comórtais (féach an tábla ar leathanach 17)

Teastaíonn na critéir fhoirmiúla seo le haghaidh GACH próifíle, beag beann ar fhorálacha sonracha an chomórtais; mura gcomhlíonann tú na critéir incháilitheachta agus má aimsítear é seo níos déanaí dícháileofar thú is cuma cé chomh maith agus a dhéanann tú sna tástálacha.

## *Próifíl a Roghnú*

Tá tosca oibiachtúla agus tosca suibiachtúla ann le próifíl a roghnú: ag brath ar do cháilíochtaí agus ar do thaithí oibre (is fíricí "oibiachtúla" iad nach féidir leat a athrú thar oíche), d'fhéadfadh sé nach mbeadh agat ach "rogha" amháin; mar sin féin, d'fhéadfadh sé tarlú go bhfuil tú incháilithe go foirmiúil le haghaidh roinnt próifílí agus is é do rogha féin é i gcónaí. Mar shampla, d'fhéadfadh dlíodóir a bhfuil taithí trí bliana aige/aici agus atá líofa i dtrí theanga a bheith incháilithe do raon leathan próifílí. Sa chás sin chinnfí an rogha de réir mhianta gairme an duine agus b'fhéidir na seansanna go n-éireodh leis/léi i gcomórtais éagsúla.

## *Roinnt Iarratais Éagsúla a Dhéanamh*

Cur chuige ginearálta a ghlacann go leor iarrthóirí is ea iarratas a dhéanamh ar gach comórtas a bhfuil siad incháilithe dó; ar an gcaoi sin, cuireann siad lena gcuid seansanna. Is bealach iontach é seo freisin leis na tástálacha a chaithfidh tú a dhéanamh a chleachtadh agus is straitéis ardmholta í. Tá imthosca áirithe ann nuair nach féidir leat iarratas a dhéanamh ar dhá scrúdú ag an am céanna, nuair is fo-phróifílí iad i gcomórtas. Níor cheart duit iarracht a dhéanamh dhá chuntas (próifílí) a chruthú ar láithreán gréasáin EPSO, toisc go mbeidh dícháiliú ón gcomórtas mar thoradh air seo.

Tabharfar na rialacha maidir le roinnt iarratais éagsúla a dhéanamh san Fhógra Comórtais. Mar shampla, i gcomórtas 2019 do Riarthóirí i bhfo-phróifílí éagsúla a bhaineann le hairgeadas (dlí airgeadais, dlí EMU, rialacha airgeadais a bhaineann le buiséad an Aontais, boinn euro a chosaint ar ghóchumadh), níor ceadaíodh iarratas a dhéanamh ar níos mó ná ceann amháin de na fo-phróifílí seo.

Gné thábhachtach eile is ea mura n-éireoidh leat i gcomórtas is féidir leat iarratas a dhéanamh ar chomórtais nua gan aon teorainneacha. Mura n-éiríonn leat i scrúdú, ní choinníonn EPSO taifead ar do chuid torthaí, dá bhrí sin is féidir leat tosú "as an nua" má shocraíonn tú triail eile a bhaint as na scrúduithe. Is gné thábhachtach í seo toisc go bhfeabhsaíonn an scór a ghnóthaíonn a lán iarrthóirí le cleachtadh agus éiríonn leo ina dhiaidh sin.